



# Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge:

Creat chun foghlaim agus forbairt ghairmiúil múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a threorú

An Dr Gabrielle Nig Uidhir & An Dr T.J. Ó Ceallaigh



Coláiste Ollscoile  
Naomh Muire  
Béal Feirste  
Coláiste de chuid Ollscoil na Banríona



**UCC**  
University College Cork, Ireland  
Coláiste na hOllscoile Corcaigh



# Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a thabhairt don Roinn Oideachais a mhaoinigh an tionscadal taighde-bhunaithe seo agus do Chomhairle na Gaelscolaíochta a d'eagraigh an próiseas agus a thug tacaíocht don fhoireann taighde ó thús go deireadh. Gabhaimid buíochas leis na múinteoirí, príomhoidí scoile, soláthróirí oideachais múinteoirí agus na mic léinn oideachais a roinn a gcuid saineolais agus a dtaithí go flaithiúil linn nuair a bhí muid ag plé sonraí agus ag cuartú aiseolais ar dhréachtaí den uirlis mheasúnaithe. Tugtar buíochas do phobal Ghaelscoil na gCrann.

Ba mhór an tacaíocht, treoir agus spreagadh a thug an tOllamh Diane Tedick don fhoireann taighdeoirí ina ról mar shaineolaí seachtrach ar an tionscadal seo. Spreag a cuid moltaí agus comhairle, agus samplaí dá saothar ([dliteachingrubrics.umn.edu](http://dliteachingrubrics.umn.edu)) plé criticiúil ar dhréachtaí den chreat agus den uirlis mheasúnaithe lán-Ghaeilge.

Aithnítear an tacaíocht a thug an t-eagras SCoTENS don chéad chéim den taighde a spreag an tionscadal seo ar inniúlachtaí an mhúinteora lán-Ghaeilge. Bhí sonraí an taighde sin luachmhar agus muid ag iarraidh uirlis mheasúnaithe a bhunú ar inniúlachtaí sainiúla an mhúinteora tumoideachais.

Tugaimid buíochas ó chroí do Chris McDowell agus do Bhréandán Ó Fiaich as an tseirbhis aistriúcháin agus profléitheoireachta a chuir siad ar fáil dúinn. Gabhaimid buíochas le Gabhán Ó Dochartaigh as an chomhairle a chuir sé orainn le ceisteanna eagarthóireachta. Mar fhocal scoir, gabhaimid buíochas le Fehin Quinn as an chomhairle a thug sé agus as a chruthaitheacht mar dhearthóir grafach.

**An Dr Gabrielle Nig Uidhir,**

Déan le Cúram Forbartha, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste

**An Dr T.J. Ó Ceallaigh,**

Ollamh Comhlach san Oideachas, Scoil an Oideachais, Coláiste na hOllscoile Corcaigh.



Coláiste Ollscoile  
Naomh Muire  
Béal Feirste  
Coláiste de chuid Ollscoil na Banríona



University College Cork, Ireland  
Coláiste na hOllscoile Corcaigh



Comhairle na  
Gaelscolaíochta

## Clár na n-ábhar

Achoimre fheidhmeach.....	4
Intreoir.....	6
Léirbhreithniú ar an litríocht.....	8
Modheolaíocht.....	12
Torthaí an taighde.....	15
• Creat na forbartha gairmiúla	
• Uirlis mheasúnaithe don chleachtas ghairmiúil	
Ag féachaint siar agus ag féachaint ar aghaidh.....	25
Tagairtí.....	28
Aguisíní	
1. Creat na forbartha gairmiúla: córas lárnach.....	32
2. Framework for professional development.....	37
3. Assessment for professional practice.....	42

# Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge


# Achoimre Fheidhmeach

Tá scoláirí ar aon intinn go mbíonn bonn eolais agus tacar sainscileanna ar leith ag teastáil sa tumoideachas – .i. ábhar acadúil a theagasc trí theanga bhreise – agus gur luachanna gairmiúla a stiúirann an tumoideachas. Mar sin féin, go dtí seo, ní aithníonn ach líon beag staidéar na hinniúlachtaí sin a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas agus a bhíonn de dhíth san oideachas lán-Ghaeilge (mar shampla Ó Ceallaigh, Hourigan & Leavy, 2017, 2019). Thairis sin, níl na huirlisí bunaithe ar thaighde againn chun measúnú a dhéanamh ar eolas múinteoirí tumoideachais agus ar a gcumas na scileanna oideolaíocha sonracha sin a chur i bhfeidhm. I dtionscadal taighde a mhaoinigh SCoTENS, rinne Nig Uidhir agus Ó Ceallaigh (2023) na luachanna, na réimsí eolais agus na cleachtais oideolaíocha sin – atá fíor-riachtanach agus a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas – a shainaithint ó pheirspictíocht an oideora lán-Ghaeilge uile-Éireann.

Dearadh creat fairsing bunaithe ar thorthaí an staidéir sin chun machnamh, meastóireacht agus forbairt a spreagadh i measc múinteoirí. Baineadh úsáid freisin as raon leathan litríochta a bhaineann leis an tumoideachas chun an t-ábhar a fhorbairt (mar shampla Cloud, Genesee & Hamayan, 2000; Guerrero & Lachance, 2018; Mac Corraidh, 1998; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Ceallaigh,

Hourigan & Leavy, 2017, 2019; Tedick & Lyster, 2020; Tedick & Mathieu, 2018). Trí théama uileghabhálacha atá sna hinniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, mar atá: fis agus luachanna; eolas múinteoirí lán-Ghaeilge; agus scileanna agus cleachtais oideolaíocha. Leis na téamaí sin, tugtar léirithe cuimsitheacha ar chleachtais teagaisc eiseamláireacha. Tá réimsí éagsúla leabaithe i ngach aon téama díobh, agus tá gnéithe éagsúla ag gabháil le gach réimse.

Baineadh leas as an teoiric shoch-chultúrtha, agus úsáideadh lionsa léirmhíneach chun an staidéar modhanna measctha seo a threorú. Úsáideadh modhanna éagsúla bailithe sonraí (.i. ceistneoir fairsing ar líne, agallaimh le fócasghrúpaí, ceardlanna comhdhála), agus bailíodh sonraí ó phríomhpháirtithe leasmhara ar fud chontanam an oideachais lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann chun léargais a fháil ar an chreat le linn an phróisis comhairliúcháin. Rinneadh anailís ar shonraí agus rinneadh an creat a bheachtú agus a fheabhsú bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí lán-Ghaeilge faoi oiliúint, ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí atá i mbun oibre i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, lena n-áirítear aonaid lán-Ghaeilge agus scoileanna sa Ghaeltacht, ó oideoirí múinteoirí, agus ó scoláirí agus speisialtóirí i réimse an tumoideachais. Fuarthas léargais agus dearthaí luachmhara ó chomhairliúchán le saineolaí idirnáisiúnta atá ag saothrú sa ghort, rud a spreag an machnamh agus a mhaolaigh claonadh an taighdeora. Leis an iarracht chomhoibriúch sin, rinneadh bailíochtú breise ar na torthaí agus áirithíodh a n-iontaofacht.



An fhis atá againn ná go mbainfidh múinteoirí sa ghort úsáid as an chreat mar uirlis le haghaidh forbairt ghairmiúil, .i. feasacht a fhorbairt ar na réimsí sin ar gá iad a fhorbairt, réimsí a aithint ina bhfuil an múinteoir ar fheabhas ar fad, agus tuiscint níos doimhne a chur chun cinn ar ghnéithe comhthéacsúla agus b'fhéidir ar ghnéithe córasacha a chuireann bac ar an teagasc agus ar an fhoghlaim éifeachtach san oideachas lán-Ghaeilge. Is infheidhme a bheidh an creat

thar shuíomhanna teagaisc éagsúla, lena gcumhdaítear clár thumoideachais éagsúla amhail Gaelscoileanna, scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí, agus aonaid lán-Ghaeilge. Ina theannta sin, samhlaimid gur rud úsáideach a bheidh ann do mhúinteoirí nua agus do mhúinteoirí seanbhunaithe araon. Thar aon rud eile, is é an cuspóir atá ann feabhas a chur ar an fhoghlaim na ndaltaí trí fheabhas a chur ar an teagasc sa tseomra ranga.

# Intreoir

**Sa chaibidil seo, tugtar spléachadh ar an chomhthéacs don tsaothar seo. Cuirtear spriocanna an tionscadail faoi bhur mbráid. Tugtar léargas ar sholáthar oideachais múinteoirí don earnáil lán-Ghaeilge agus mínítear an fráma taighde a bhfuil an creat féinmheasúnaithe bunaithe air.**

## Comhthéacs

Rinneadh an tionscadal seo a choimisiúnú mar thoradh ar mholtaí a foilsíodh sa Tuairisc *Tús Cothrom* (RO, 2021) a rinne anailís ar thearcghnóthachtáil oideachais i dTuaisceart Éireann. Thug *Tús Cothrom* fianaise ar shíor-thearcghnóthachtáil oideachais agus an nasc le cúlra socheacnamaíoch ar bhonn forleathan. Maidir leis an Ghaeloideachas, d’aithin an Painéal Saineolaithe go raibh líon ard Gaelscoileanna suite i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus go raibh tacaíocht de dhíth ar an earnáil maidir le hacmhainní, riachtanais forbartha gairmiúla na múinteoirí agus maidir le spreagadh lucht labhartha na Gaeilge le dul isteach in Oideachas Tosaigh Múinteoirí, lena chinntiú go riartar go hiomlán ar riachtanais na bpáistí atá i mbaol tearcghnóthachtála in earnáil na Gaelscolaíochta (RO, 2021, 64). I gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge, is iomaí gné den tsoláthar a bhfuil dul chun cinn suntasach agus forbairtí cruthaitheacha le feiceáil inti. Mar sin féin, fágtag réimse tosaíochtaí a éiríonn níos casta agus níos dúshlánaí don phobal Gaeloideachais más gá dóibh dul i ngleic leo faoi thionchar na héagothroime a chothaíonn tearcghnóthachtáil. D’ainneoin forbairtí i soláthar an oideachais lán-Ghaeilge, bíonn sé deacair cláir thumoideachais a chur i bhfeidhm agus bíonn

dúshlán shainiúla ag baint leo le haghaidh múinteoirí, foghlaimeoirí agus tuismitheoirí araon (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir, 2018).

D’iarr Comhairle na Gaelscolaíochta tionscadal taighde-bhunaithe a d’fhreagródh do cheisteanna a bhain le hoideachas múinteoirí mar aithníodh go mbeadh dlúthnasc idir dul chun cinn na ndaltaí agus an tacaíocht ghairmiúil a chuirtear ar fáil don fhoireann teagaisc. Sin é an sprioc a chuir údair na tuairisce seo rompu sa tsaothar seo. Coinnítear fócas ar an bhunphrionsabal a aithníonn an ról criticiúil a imríonn múinteoirí ardchaighdeán i saol daltaí (RO, 2016) agus a dhearbhaíonn Tedick agus Lyster, “It has been long established that teachers are the most important school-level factor impacting student achievement” (2020, 46).

## Aidhmeanna an tsaothair

Is iad na haidhmeanna atá leis an tsaothar seo:

- croí-inniúlachtaí an mhúinteora tumoideachais lán-Ghaeilge a dhearbhu mar aon le creat féinmheastóireachta a chur ar fáil don earnáil chun comhthéacsanna ina dtacaítear le forbairt ghairmiúil an mhúinteora tumoideachais a aithint, a chruthú agus a chothú.
- teagasc agus ceannaireacht ardchaighdeán a

- chur chun cinn le haghaidh gach foghlaimeora ar fud gach comhthéacs san oideachas lán-Ghaeilge;
- creat a sholáthar le foghlaim agus forbairt ghairmiúil múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a threorú;
- stádas ghairm an mhúinteora san oideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn trí nádúr casta an teagaisc sa réimse a leagan amach go mion soiléir.

## Oideachas Múinteoirí

Thosaigh ré nua in oideachas múinteoirí lán-Ghaeilge in 1996 nuair a cuireadh tús le clár iarchéime lán-Ghaeilge (PGCE) agus clár dátheangach Baitsiléara Oideachais a leag béim ar an Ghaeilge agus ar oideolaíochtaí agus ar theoricí an tumoideachais (Nig Uidhir agus Ó Ceallaigh, 2023). Níos mó ná deich mbliana ina dhiaidh sin, chuir an Roinn Oideachais tús le tionscnamh comhpháirtíochta idir trí institiúid ardoideachais sa Tuaisceart chun cúrsa speisialaithe a chur ar fáil d’ábhair múinteoirí iar-bhunscoile lán-Ghaeilge (Farren et al., 2019). Dá ainneoin sin, tá an t-earcú múinteoirí ina dhúshlán mór i gcónaí san earnáil seo a bhfuil borradh fúithi. Maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach, tá roghachúrsa lán-Ghaeilge ar fáil mar chuid de chlár Máistreachta san Oideachas i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste.

I bPoblacht na hÉireann, cuimsítear modúil roghnacha shonracha le gach clár oiliúna tosaigh do mhúinteoirí ina ndírítear ar an oideachas lán-Ghaeilge. Tá clár iar-bhunscoile amháin, an Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas, ar fáil in Ollscoil na Gaillimhe. Tá cúrsa iarchéime eile, an Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, á chur ar fáil ag Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, ó bhí 2012 ann. Ina theannta sin, cuireadh tús le Baitsiléir Oideachais trí mheán na Gaeilge (lánmhaoinithe) in Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath.

In ainneoin an tsoláthair reatha, aibhsítear go comhsheasmhach sa taighde nach bhfuiltear ag freastal ar riachtanais shonracha múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge (Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh, 2020; Ó Ceallaigh et al., 2019; Ó Duibhir, 2018).

## Taighde-bhunaithe

Le tríocha bliain anuas, tá borradh suntasach ar an chorpas taighde atá foilsithe ag taighdeoirí agus cleachtóirí i ngort an oideachais lán-Ghaeilge. De réir mar a chuirtear leis an tuisicint ghairmiúil atá ar fáil sa phobal lán-Ghaeilge ar cheisteanna casta a chuireann dúshlán roimh mhúinteoirí, caitear solas ar chuid de na bearnaí sa chóras, áit a bhfuil tuilleadh acmhainní de dhíth. Ceann de na hacmhainní is bunúsaí is ea sainaitheint thaighde-bhunaithe na n-ionchas a iarrtar ar an mhúinteoir lán-Ghaeilge. Tá sainaitheint inniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas (.i. luachanna, eolas, tuiscint, scileanna agus cleachtais ghairmiúla) bunriachtanach chun fás gairmiúil múinteoirí agus gnóthachtáil daltaí a spreagadh.

I dtuairisc thaighde a d’fhiosraigh ualach oibre múinteoirí lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, d’aithin na húdair an t-easnamh a bhí ann maidir le haitheantas do na hinniúlachtaí breise a bhí de dhíth ar mhúinteoirí lán-Ghaeilge, “Our analysis suggests that there are a number of additional competences which are essential for the IME practitioners and their current workload is compounded by the lack of substantive support and recognition thereof” (O Boyle et al., 2023, 4).

Is é an rún atá ag údair an tsaothair seo tógáil ar réamhthaighde a rinne siad mar chuid de thionscadal a bhí maoinithe ag Standing Conference on Teacher Education North and South (SCoTENS), idir 2021-2023 (Nig Uidhir agus Ó Ceallaigh, 2023). Sa staidéar sin, sainaitheint dréacht den bhonn eolais .i. inniúlachtaí gairmiúla sainiúla ar mheas rannpháirtithe iad a bheith bunriachtanach do mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge. Rinneadh anailís agus soiléiriú ar a bhfuil i gceist le bonn eolais agus scileanna den scoth le haghaidh an oideachais lán-Ghaeilge. Chomh maith leis sin, sainaitheint na luachanna atá mar bhonn faoin obair a bhíonn ar siúl ag múinteoirí lán-Ghaeilge agus a threoraíonn agus a mhúnlaíonn an obair sin.

## An Creat Forbartha Gairmiúla mar acmhainn don mhúinteoir

Is minic a bhíonn múinteoirí ag brath ar a mbreithiúnas gairmiúil féin agus ar a dtaithí ghairmiúil ceal acmhainní atá bunaithe ar thaighde amhail creat cuimsitheach ar shain-inniúlachtaí múinteoirí tumoideachais (Ó Ceallaigh et al., 2019; Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2021). Tá scoláirí ar aon intinn go mbíonn bonn eolais agus tacar de

shainscileanna oideolaíochta ar leith riachtanach sa tumoideachas – atá difriúil lena mbíonn de dhíth sa teagasc thraidisiúnta ábhair nó teanga – agus gur luachanna gairmiúla a stiúran an tumoideachas (mar shampla Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Mac Corraidh, 2008, 2021; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir, 2018).

## Conclúid

Is tionscadal teoranta é seo de, ó thaobh amscála an tsaothair seo, ach bhí fócas soiléir leis. Bhí na húdair sásta agus buíoch a bheith in ann tógáil ar an taighde a rinneadh idir 2021-23 maidir le sainaitheint na gcroí-inniúlachtaí a léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge ina gcuid oibre ar bhonn laethúil. Sa tionscadal seo a choimisiúnaigh Chomhairle na Gaelscolaíochta, cuireadh ar ár gcumas torthaí taighde a fuarthas in 2021-2023 a dhearbhu, a phlé ar bhonn níos forleithne le páirtithe leasmhara agus a chur i bhfeidhm chun acmhainn phraiticiúil a chruthú agus a chur ar fáil do mhúinteoirí.

Samhlaítear an creat féin-luachála seo a bheith úsáideach ag múinteoirí aonair ar mian leo machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin agus taifead a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na sain-inniúlachtaí atá á bhforbairt mar mhúinteoir lán-Ghaeilge. Seans maith gur mó an tairbhe a bhainfidh grúpa beag nó meitheal comhghleacaithe as feidhm as bhaint as i gcomhar a chéile, nó ag leibhéal scoile uile. Is é an pointe is tábhachtaí ná gur acmhainn í ar son na gairme, ar dearadh í chun tacú le machnamh gairmiúil agus feabhsú cleachtais san oideachas lán-Ghaeilge.

# Léirbhreithniú ar an Litríocht

## Réamhrá

Is múnla saibhriúcháin dátheangach é an múnla tumoideachais a bhíonn in úsáid i scoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn.

Is é an dátheangachas suimitheach agus an délitearthacht an aidhm atá leis an tumoideachas lán-Ghaeilge, mar aon leis an mhionteanga agus an chultúr mionlaigh a fhairsingiú agus a athbheochan i measc an phobail agus go náisiúnta. Maítear go comhsheasmhach sa taighde go mbaineann foghlaimoirí i gcoitinne ardchaighdeán agus ardghnóthachtáil acadúil amach i suíomhanna tumoideachais lán-Ghaeilge (Harris et al., 2009; Ó hAiniféin, 2007; Ní Longaigh, 2016; Ó Ceallaigh et al., 2016; Ó Cathalláin et al., 2016). Éiríonn le daltaí an tumoideachais leibhéal i bhfad níos airde sa dara teanga (an sprioctheanga, m.sh. an Ghaeilge sa chóras oideachais in Éirinn) a bhaint amach ná mar a éiríonn le daltaí nach bhfuil sa chóras tumoideachais a dhéanann staidéar ar an dara teanga mar ábhar scoile (Harris et al., 2009; Ó hAiniféin, 2007). Bíonn foghlaimoirí tumoideachais ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde ná foghlaimoirí ar comhaois leo san oideachas príomhshrutha (Ó hAiniféin, 2007; Gilleece et al., 2012; Ní Chlochasaigh et al., 2020).



Léirítear go seasta sa taighde le tamall de bhlianta anuas nach mbíonn scileanna ginchumais teanga na ndaltaí tumoideachais ag teacht le noirm theanga i réimsí amháil cruinneas agus castacht na gramadaí, sainiúlacht léacsach agus oiriúnacht shochtheangeolaíoch (Maguire, 1990; Ó Duibhir, 2018; Walsh, 2007). Mar thoradh air sin, tá spéis níos mó á cur i sainiúint an bhoinn eolais bhunriachtanaigh agus na gcleachtas teagaisc a ghabhann leis do chomhthéacsanna tumoideachais, rud a chuirfidh ar chumas daltaí leibhéal ard inniúlachta a bhaint amach sa sprioctheanga. Déantar iniúchadh agus anailís sa léirbhreithniú seo ar an bhonn eolais agus ar an tacar de shainscileanna oideolaíoch a tá riachtanach do mhúinteoir tumoideachais lán-Ghaeilge. Ar dtús, déantar scagadh ar chroí-inniúlachtaí an tumoideachais le béim ar leith ar thábhacht na ceannaireachta. Ansin,

déantar plé ar shainriachtanais na hearnála agus tugtar spléachadh ar thaighde ábhartha atá déanta go dtí seo in Éirinn. Ar deireadh, léirítear tábhacht na forbartha gairmiúla i rath leanúnach na gclár oideachais lán-Ghaeilge.

## Croí-inniúlachtaí an tumoideachais

Áitíonn an lucht léinn gur mó i bhfad a bhíonn i gceist leis an tumtheagasc ná díreach teanga a theagasc nó ábhar a theagasc: Bíonn bonn eolais agus tacar de shainscileanna oideolaíoch a leith ag teastáil lena ndéantar an t-ábhar, an teanga agus an litearthacht a chomhtháthú sa teagasc (Cammarata & Haley, 2018; Lyster, 2007; Swain, 1988; Tedick & Lyster, 2020). Ní mór fosta an bonn eolais agus na sainscileanna oideolaíochta seo a bheith daingnithe i luachanna gairmiúla an tumoideachais agus treoraithe acu (Nig Uidhir & Ó

Ceallaigh, 2023). In ainneoin comhaontú forleathan gur rud éagsúil í oideolaíocht an tumoideachais, is mór an t-iontas é an easpa soiléireachta agus comhsheasmhachta a bhí ann go dtí le déanaí maidir lena bhfuil i gceist le múinteoir éifeachtach sna suíomhanna sin.

Tá de chúram gairmiúil ar mhúinteoirí tumoideachais an t-ábhar acadúil a sholáthar ar bhealach sothuigthe do dhaltaí atá ag foghlaim trí mheán teanga nua. San am chéanna, is gá oilteacht agus litearthacht a fhorbairt sa teanga sin agus naisc thraschultúrtha agus thrasteanga a éascú. Chun é sin a dhéanamh, ní mór dóibh tuiscintí agus cumais speisialta a fhorbairt, lena n-áirítear eolas ar shealbhú agus ar theagasc an dara teanga, teangeolaíocht an oideachais, agus forbairt na délitearthachta (Tedick & Lyster, 2020). Aithnítear go mbíonn tionchar ag oilteacht teanga na múinteoirí ar thumtheanga na ndaltaí, agus ról iomadúla acu, “mar eiseamláir teanga, idirghabhálaithe teanga, measúnóirí teanga agus mar sholáthraithe teanga sa tseomra ranga” (Ó Domagáin, 2023, 17). Mar sin de, tá cumas an mhúinteora sa sprioctheanga ar thosaíochtaí sainscileanna an mhúinteora tumoideachais. Anuas ar an tacar scileanna agus ar an bhonn eolais a bhfuil cur síos orthu thuas, tá gá le croí an tumtheagaisc féin, mar atá, na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach chun an teanga, an t-ábhar agus an litearthacht a chomhtháthú sa phleanáil curaclaim, sa teagasc agus sa mheasúnú (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Cammarata & Cavanagh, 2018). Ní mór do mhúinteoirí tumoideachais aird na ndaltaí a tharraingt d’aon turas ar an teanga agus ábhar bríoch á theagasc acu (Cammarata & Cavanagh, 2018; Morton, 2018; Ó Ceallaigh, 2013). Anuas ar mháistreacht a fháil ar an eolas chúlra theoiriciúil agus oideolaíoch a bhaineann go sonrach leis na disciplíní a bhíonn á dteagasc acu, ní mór do mhúinteoirí tumoideachais an t-eolas teangeolaíoch agus na scileanna teangeolaíoch a fhorbairt a bhfuil gá

leo chun na disciplíní sin a theagasc go héifeachtach sa tumtheanga (Tedick & Fortune, 2013; Steffen 2013). Faoi mar a thagann méadú ar éilimh chognaíoch a an ábhair acadúil, tagann méadú ar na héilimh ó thaobh teanga de chomh maith. Mura mbíonn inniúlacht mhaith teanga ag daltaí sa tumtheanga, ní bheidh ar a gcumas an réimse ábhair a rochtain nó dul i ngleic leis agus iad ag dul ar aghaidh ó rang go rang. Tá sé rithábhachtach agus, dá bhrí sin, tá sé riachtanach go mbeadh feachtas teanga sa tumtheanga mar bhonn agus mar thaca faoi chleachtas teagaisc an mhúinteora sa tumoideachas (Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh, 2021). Tá trí shainréimse eolais i gceist le feachtas teanga múinteoirí sa tumoideachas – úsáid teanga; eolas faoin teanga; agus saineolas oideolaíoch i dtéarmaí na sprioctheanga sa chomhthéacs ábharbhunaithe (Lyster, 2007). D’fhéadfaí a mhaíomh go gcuireann an fheachtas teanga ar a gcumas do mhúinteoirí ábhair tacú go héifeachtach le foghlaim an ábhair i measc daltaí i gcomhthéacs chomhtháthú na teanga agus an ábhair sa tumoideachas.

Lena chois sin, léirítear i staidéir iomadúla go bhfuil an cheannaireacht scoile ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí de scoileanna tumoideachais éifeachtacha (Hunt, 2011; Scanlan & López, 2012). Shainiúthain Rocque et al. (2016) roinnt scileanna, tréithe agus ról a bhaineann leis an cheannaireacht rathúil sa tumoideachas. Orthu sin, tá eolas ar an churaclam, ar an teagasc agus ar an mheasúnú, eolas ar an teanga agus ar an chultúr, agus an cumas muintearas a chruthú (Rocque et al., 2016). Is iad na príomhoidí príomhionadaithe an chláir, agus tugann siad treoir le haghaidh oideachas ardchaighdeán agus iad ag brath ar thacaíocht ón scoil (Howard et al., 2017; Rocque et al., 2016). In Éirinn, aithnítear fosta go

bhfuil ceannaireacht láidir fhíseach, bunaithe ar luachanna, eolas agus scileanna an oideachais lán-Ghaeilge mar eochair-chumasóir chun cáilíocht agus rath an tumoideachais a chinntiú (Nig Uidhir & Ó Ceallaigh, 2023).

## Sainriachtanais na hEarnála

Tá méadú ag teacht de shíor go hidirnáisiúnta ar an éileamh ar chláir agus ar mhúnlaí teanga ábharbhunaithe (i. Mehisto & Genesee 2015; Pérez-Cañado 2016). Tá dúshlán roimh mhúinteoirí sna comhthéacsanna sin an t-ábhar a theagasc agus, go comhuaineach, aird a thabhairt ar riachtanais foghlama teanga na ndaltaí agus iad ag tabhairt faoi ábhar acadúil a fhoghlaim trí mheán teanga nua, trí mhionteanga nó trí theanga bhreise (Cammarata & Haley 2018; Fielding & Harbon 2017; Morton 2016; Ó Ceallaigh et al. 2017; Ó Ceallaigh et al. 2018; Tedick & Lyster 2020).

Tugtar le fios go seasmhach sa taighde go mbíonn dúshlán ar leith le sárú chun oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a chur i bhfeidhm go rathúil, go háirithe dúshlán a bhaineann le sealbhú na tumtheanga agus leis an chleachtas oideolaíoch (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir 2018; Flynn, 2022). Tuigtear le blianta beaga anuas gur idir uathúil agus chasta atá an bonn eolais agus na scileanna oideolaíoch a atá ag teastáil do sheomraí ranga an oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh 2020; Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2015, 2018, 2021). Tugtar cuntas ar dhúshlán shainiúla ar leith a bhaineann go sonrach le cleachtas oideolaíoch an tumoideachais in Éirinn i dTábla 1.

Tábla 1: Sainriachtanais a bhaineann go sonrach le cleachtas oideolaíochta an tumoideachais lán-Ghaeilge

Eolas faisnéiseach na Gaeilge	
Tuairiscítear bearnaí móra in eolas faisnéiseach múinteoirí tumoideachais ar an tumtheanga agus ina n-inniúlacht sa tumtheanga	Ní Chathasaigh, 2020; Nic Réamoinn, 2017; Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh et al., 2020
Réim agus cruinneas teanga an ábhair	
Bíonn easpa eolais ar an stór focal a bhaineann go sonrach leis an disciplín	Ní Dhiorbháin et al., 2020; Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh et al., 2020; Ó Treasaigh, 2019
Teagasc foirm-dhírthe	
Cuireann easnaimh theanga bac ar mhúinteoirí tumoideachais an teanga (.i. an teagasc foirm-dhírthe) a chomhtháthú ar bhealaí córasacha i gcomhthéacs ar fud an churaclaim tumoideachais	Ní Dhiorbháin et al., 2020; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh et al., 2019
Aiseolas ceartaitheach	
Cuireann múinteoirí tumoideachais in iúl freisin gur gá aird chórasach a thabhairt ar fhorbairt na tumtheanga le teicnící aiseolais cheartaithigh. Ní bhíonn siad cinnte, áfach, cén uair agus conas ba cheart aiseolas ceartaitheach a thabhairt i gcomhthéacs theagasc an ábhair sa tumoideachas	Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2021; Mac Corraigh, 2008; Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh, 2013
Comhtháthú ábhar agus teanga	
Cé go measann múinteoirí tumoideachais go mbíonn an teanga á teagasc acu i gcónaí, ní éiríonn leo go comhsheasmhach ná go córasach an chothroimaíocht a aimsiú idir an teanga agus an t-ábhar sa teagasc	Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2021; Mac Corraigh, 2008; Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh, 2013
An t-ascú a éascú	
Bíonn múinteoirí tumoideachais ag streachailt freisin chun tascanna éifeachtacha a dhearadh atá bunaithe ar ábhar agus atá saindírthe ar an teanga chun cur le haschur teangeolaíoch na ndaltaí, rud a mheallann feachtas mheititheangeolaíoch na bhfoghlaiméoirí	Ó Ceallaigh, 2013, Ó Ceallaigh et al., 2019 Ó Máirtín, C., Mac Corraigh, S., Ní Mheallain, F. & Ní Ruanaidh, C. (2021) Oideolaíocht sa Ghaelscolaíocht. Teaching Profession Project, Seimineár 2. Ar fáil ag: <a href="https://www.youtube.com/watch?v=2P5idBHy1yw">https://www.youtube.com/watch?v=2P5idBHy1yw</a>
Bainistiú T1	
Bíonn deacrachtaí ag múinteoirí an teagasc difreálach a chur chun cinn sa tseomra ranga tumoideachais	Ní Longaigh, 2016; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017
Teagasc difreálach	
Bíonn easpa eolais ar an stór focal a bhaineann go sonrach leis an disciplín	Ní Dhiorbháin et al., 2020; Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh et al., 2020; Ó Treasaigh, 2019
Measúnú comhtháite	
Bíonn deacrachtaí ag múinteoirí teacht ar bhealaí ina bhféadfaí measúnú a dhéanamh go córasach ar an fhorbairt tuisceana agus ar an fhorbairt teanga araon	Ní Dhiorbháin et al., 2020; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh et al., 2019

### Tábhacht na forbartha gairmiúla sa tumoideachas

Léirítear go bhfuil ról ríthábhachtach ag an ullmhú múinteoirí agus ag an fhorbairt ghairmiúil i rath leanúnach clár tumoideachais (mar shampla Cammarata & Ó Ceallaigh, 2018; Lyster & Ballinger, 2011). Leis an taighde ar an fhorbairt ghairmiúil éifeachtach, táthar ag teacht ar chomhaontú maidir leis na príomhphrionsabail i ndearadh eispéireas foghlama ar féidir leo dul i gcion ar eolas agus ar chleachtais múinteoirí (Desimone, 2009). Is é atá i bhforbairt ghairmiúil éifeachtach do mhúinteoirí foghlaim ghairmiúil struchtúrtha as a dtagann athruithe ar eolas agus ar chleachtais múinteoirí agus feabhas ar thorthaí foghlama na ndaltaí (Darling-Hammond, Hylar, & Gardner, 2017). Bíonn an fhoghlaim ghairmiúil den tsórt sin dírithe ar an ábhar, cuimsítear foghlaim ghníomhach léi, tacaítear leis an chomhoibriú idir múinteoirí, úsáidtear samhla den chleachtas éifeachtach, soláthraítear oiliúint agus saintacaíocht, cuirtear aiseolas agus pointí machnaimh ar fáil, agus bíonn foghlaim ghairmiúil den tsórt sin ar siúl ar bhonn marthanach (Darling-Hammond et al., 2017). Go hiondúil, bíonn roinnt de na gnéithe sin le feiceáil san am chéanna i samhla rathúla forbartha gairmiúla.

Go bunúsach, bíonn ról ríthábhachtach ag an fhorbairt ghairmiúil chun an t-eolas, na scileanna agus an tacaíocht a thabhairt d'oideoirí tumoideachais le bheith in ann a mbealach a dhéanamh trí na dúshláin agus na deiseanna uathúla a bhaineann le hábhar a theagasc trí mheán an dara teanga. Tacaíonn uirlisí bunaithe

ar thaighde le heolas múinteoirí tumoideachais agus a gcuid scileanna oideolaíocha a aithint, a mheas agus a shaibhriú (Tedick & Matheiu, 2021). Ach infheistíocht a dhéanamh san fhás ghairmiúil, is féidir le clár thumoideachais feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc, gnóthachtáil daltaí a chur chun cinn, agus pobal foghlama faoi bhláth a chothú.

### Conclúid

Tugann an litríocht reatha ar ghairm an tumoideachais léargas ar chruthaitheacht, athléimneacht, nuálaíocht agus tiomantas na múinteoirí, agus iad ag freagairt do dhúshláin chomónta.

"Research shows immersion teachers to be adaptable, reflective and aware of social inequalities". (O'Boyle et al., 2023, 16).

Leathnaíonn O'Boyle et al. a argóint seo chuig sárú dúshlán eile, mar shampla, cruthú acmhainní teagaisc le dul i ngleic le heaspa áiseanna. Is cinnte go bhfuil an litríocht acadúil agus an taighde ar an tumoideachas faoi bhláth le dhá scór bliain. Is ar na mallaibh atá taighdeoirí ag fiosrú ceisteanna níos fócasaithe ar shainscileanna agus ar chroí-inniúlachtaí an mhúinteora tumoideachais. Aithnítear go bhfuil forbairt ghairmiúil a bhfuil bonn taighde léi riachtanach chun gairm na múinteoireachta a chumasú (Roinn Oideachais, 2016, Roinn Oideachais, 2021). Mar atá léirithe ag Nig Uidhir agus Ó Ceallaigh (2023), tá dlúthbhaint ag sárchleachtas an mhúinteora agus dul chun cinn na foghlama i measc na ndaltaí i gcomhthéacs leanbhlanaithe an tumoideachais lán-Ghaeilge.

“

*Research shows immersion teachers to be adaptable, reflective and aware of social inequalities. For minoritised language teachers, skills associated with navigating cultural, social and political complexities are a necessary part of a practitioner's repertoire.*

O'Boyle et al. 2023, 16

”

# Modheolaíocht

## Réamhrá

Is é atá i gceist le bailíocht tógáin a mhéid a thomhaiseann uirlis mheasúnúcháin a bhfuil sí ceaptha a thomhas. I gcás an chreata, is é ‘croí-inniúlachtaí an tumoideachais’ an tógán. An sprioc a bhí againn ná a chinneadh cé chomh maith agus cé chomh cuimsitheach a dhéanann an creat cur síos ar chroí-inniúlachtaí an tumoideachais a bhíonn de dhíth ar earnáil an oideachais lán-Ghaeilge thuaidh agus theas. Tá achoimre sa chaibidil seo ar an chur chuige, ar na próisis agus ar na teicnící a úsáideadh chun sonraí a bhailiú, anailís a dhéanamh ar fhaisnéis, agus léargais a fháil le linn an phróisis comhairliúcháin.

## Dearadh an Taighde

Baineadh leas as an teoiric shoch-chultúrtha, agus úsáideadh lionsa léirmhíneithe chun an staidéar modhanna measctha seo a threorú. Úsáideadh foinsí éagsúla (.i. ceistneoir fairsing ar líne, agallaimh le fócasghrúpaí, ceardlanna comhdhála), agus bailíodh sonraí ó phríomhpháirtithe leasmhara ar fud chontanam an oideachais lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann chun léargais a fháil le linn an phróisis comhairliúcháin

## Roghnú na rannpháirtithe

Úsáideadh sampláil bhreithiúnais lena áirithiú go raibh na rannpháirtithe ionadaíoch ar phobal gairmiúil an oideachais lán-Ghaeilge, thuaidh agus theas. I measc na ngrúpaí rannpháirtithe, bhí:

- Múinteoirí lán-Ghaeilge faoi oiliúint a raibh aon socrúchán amháin ar a laghad déanta acu i scoil lán-Ghaeilge;

- Múinteoirí agus príomhoidí ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, lena n-áirítear aonaid lán-Ghaeilge mar aon le scoileanna sa Ghaeltacht;
- Oideoirí múinteoirí ó chlár oideachais múinteoirí lán-Ghaeilge, idir chlár fochéime agus chlár iarchéime;
- Lucht léinn agus speisialtóirí ar an tumoideachas, mar shampla, oideoirí múinteoirí, taighdeoirí, agus speisialtóirí curaclaim, a bhí i láthair ag ceardlanna a reáchtáladh le linn comhdhálacha acadúla.

## Nósanna imeachta bailithe sonraí

Forbraíodh ceistneoir cuimsitheach ar líne ina raibh trí roinn ar leith a bhí ailínithe le téamaí uileghabhálacha an chreata – mar atá, fíis agus luachanna, eolas múinteoirí lán-Ghaeilge, agus scileanna agus cleachtais oideolaíoch. Rinneadh forbairt ar réimsí ábhartha i ngach

roinn agus tugadh faisnéis bhreise ar ghnéithe gaolmhara. Moladh do na rannpháirtithe an ceistneoir a chomhlánú, agus machnamh a dhéanamh ar gach gné agus a measúnú a chur in iúl le roghchlár anuas trí rogha a dhéanamh i measc *forbartha*, *i mbun forbartha* agus *le forbairt*. Spreagadh iad freisin chun aiseolas a thabhairt mar aon le moltaí chun gach gné a fheabhsú. Scaipeadh an ceistneoir ar gach scoil lán-Ghaeilge ar oileán na hÉireann. Thairis sin, scaipeadh an ceistneoir ar líne ar oideoirí múinteoirí lán-Ghaeilge i gceithre institiúid oiliúna tosaigh múinteoirí, agus bailíodh aiseolas trí agallamh le fócasghrúpa. Cuireadh an creat i láthair freisin ag dhá cheardlann comhdhála inar ghlac oideoirí múinteoirí lán-Ghaeilge páirt i bplé grúpa agus inar chuir siad tuairimí agus aiseolas ar fáil. Tá achoimre ar na modhanna bailithe sonraí agus ar na rannpháirtithe le fáil i dTábla 2.

Tábla 2: Achoimre ar mhodhanna bailithe sonraí agus ar rannpháirtithe

Modh bailithe sonraí	Múinteoirí faoi oiliúint	Múinteoirí i mbun oibre	Príomhoidí	Soláthraithe oiliúna tosaigh múinteoirí
Ceistneoir ar líne		75		
Agallamh le fócasghrúpa				4
Ceardlann ag comhdháil Chomhairle na Gaelscolaíochta	6	45		
Ceardlann ag comhdháil Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann			62	

Iarradh faomhadh eiticiúil ón Choiste um Eitic Thaighde i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, le haghaidh an staidéir seo, agus bronnadh an faomhadh sin. Chloígh na taighdeoirí le cód eitice BERA.

## Cur chuige i leith na hanailíse ar shonraí

An sprioc a bhí againn ná aiseolas a chomhtháthú, nuair nuair ab infheidhme, lena chinntiú go mbeadh an creat bailí, ábhartha, úsáideach, barántúil agus soiléir i gcónaí d’earnáil an oideachais lán-Ghaeilge. Thar aon rud eile, rinneamar ár seacht ndícheall lena chinntiú gur bunáíodh an creat ar thaighde agus go bhfuil an creat dírithe ar úsáid phraiticiúil, rud a shaihbheoidh forbairt ghairmiúil múinteoirí lán-Ghaeilge.

Úsáideadh teicnící anailíse cáilíochtúla chun anailís a dhéanamh ar na sonraí a bailíodh leis an cheistneoir ar líne agus ó na fócasghrúpaí. Ar an chéad dul síos, tiomsaíodh na freagraí ón cheistneoir agus catagóiríodh iad bunaithe ar théamaí agus ar phatrúin athfhillteacha. Sórtáladh an t-aiseolas ó oideoirí san oideachas lán-Ghaeilge chun é sin a dhéanamh, agus sainaitníodh tuairimí, ábhair imní agus moltaí coiteanna. Faoin phróiseas sin, sainaitníodh príomhthéamaí agus príomhchoincheapa a tháinig chun cinn ón phlé a rinne

na hoideoirí ar an chreat. Trí athbhreithniú atriallach agus plé i measc na dtaighdeoirí, thángthas ar chomhaontú maidir leis na príomhthéamaí agus na príomhthorthaí.

Ar an iomlán, ba é ab aidhm don anailís tuiscint chuimsitheach a chur ar fáil ar an aiseolas a fuarthas, agus béim a leagan ar chomhdhearadh agus ar réimsí nach raibh na rannpháirtithe ar aon intinn fúthu. Chuir sé sin ar a gcumas do na taighdeoirí léargais bhrioch a fháil agus cinntiú eolasacha a dhéanamh faoin chreat a bheachtú agus a fheabhsú bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí agus ó oideoirí múinteoirí araon san earnáil lán-Ghaeilge.

## Bearta maidir le dearbhú cáilíochta

Cuireadh an creat i láthair ag comhdhálacha acadúla náisiúnta agus idirnáisiúnta araon chun bailíochtú na huirlise a fheabhsú, agus ar an dóigh sin, áirithíodh bailíocht, iontaofacht agus inchreidteacht na sonraí a bailíodh agus a ndearnadh anailís orthu anailís orthu. Iarradh aiseolas ó lucht freastail na gcomhdhálacha ar bhealach gníomhach chun éifeachtacht na huirlise a mhionchoigeartú agus a neartú. Ar an lucht freastail, bhí daoine den lucht léinn agus speisialtóirí atá inniúil ar an oideachas dhátheangach/tumoideachas, lena n-áirítear oideoirí múinteoirí, taighdeoirí, agus

speisialtóirí curaclaim. Tá achoimre thíos ar na cuir i láthair a rinneadh ag na comhdhálacha.

- Ó Ceallaigh, T.J. agus Nig Uidhir G. (2024). Illuminating and nurturing teacher knowledge for immersion education: A sociocultural perspective. INTED 2024 – An 8ú Comhdháil Bhliantúil Idirnáisiúnta ar Chúrsaí Teicneolaíochta, Oideachais agus Forbartha, València na Spáinne, 4-6 Márta 2024.
- Ó Ceallaigh, T.J. agus Nig Uidhir, G. (2023). Irish-medium teacher competences: The spectrum of change. An Chomhdháil Idirnáisiúnta um Éifeachtacht agus Feabhsú Scoileanna (Comhdháil ISCEI 2024), Oideachas Gairmiúil Ardchaighdeán le haghaidh Éifeachtacht Fheabhsaithe Scoileanna: Peirspictíochtaí agus Cuir Chuige Idirnáisiúnta. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 8-12 Eanáir 2024.
- Ó Ceallaigh, T.J. agus Nig Uidhir, G. (2023). Immersion-specific teacher competencies: A self-reflection tool to support teacher professional learning. Comhdháil Bhliantúil an Chumainn Oideoirí Múinteoirí san Eoraip (ATEE), 2023 – Oideachas Múinteoirí i mbun Éabhlóide, Búdaipeist na hUngáire, 28-30 Lúnasa 2023.



- Ó Ceallaigh, T.J. agus Nig Uidhir, G. (2023). Immersion-specific teacher competencies: A roadmap for sustainable change. An 15ú Comhdháil Idirnáisiúnta Bhliantúil um an Oideachas agus Teicneolaíochtaí Foghlama Nua – EDULEARN, Mallarca na Spáinne, 3-5 Iúil 2023.

Áirithíodh bailíocht agus iontaofacht na dtorthaí le roinnt bearta éagsúla. Ar an chéad dul síos, baineadh úsáid as modheolaíochtaí taighde mionchúiseacha, lena n-áirítear bailiú cúramach sonraí agus nósanna imeachta cúramacha anailíse. Ar an dara dul síos, baineadh úsáid as foinsí iomadúla sonraí chun na torthaí a thriantánú agus a n-inchreidteacht a fheabhsú. Ar an tríú dul síos, ba thrédhearcach an próiseas taighde agus coinníodh taifead cruinn air, rud a fhágann gur féidir le piaraí an próiseas a imscrúdú agus a dhearbhu. Ina theannta sin, fuarthas léargais agus dearthaí luachmhara ó chomhairliúcháin le saineolaí idirnáisiúnta atá ag saothrú sa ghort, an tOllamh Diane J. Tedick ó Ollscoil Minnesota sna Stáit Aontaithe, rud a spreag an machnamh agus a mhaolaigh claonadh an taighdeora. Leis an iarracht chomhoibríoch sin, rinneadh bailíochtú breise ar na torthaí agus áirithíodh a n-iontaofacht.

#### Teorainneacha agus Dúshlán

B'éigean roinnt teorainneacha agus dúshlán éagsúla a shárú sa phróiseas comhairliúcháin chun an creat a fhorbairt, lena n-áirítear srianta ó thaobh ama de, rochtain ar rannpháirtithe éagsúla, cáilíocht na sonraí a áirithiú, agus aiseolas a chomhtháthú ar bhealach éifeachtach.

Chuathas i ngleic leis na dúshlán sin trí thús áite a thabhairt do phríomhpháirtithe leasmhara, comhpháirtíochtaí comhoibríocha a bhunú, bearta bailíochtaí a chur i bhfeidhm, trédhearcacht agus doiciméadúchán a choinneáil, agus cur chuige atriallach a ghlacadh maidir le beachtú na creata bunaithe ar aiseolas leanúnach. D'ainneoin na srianta sin, ba é an aidhm a bhí ag an fhoireann taighde léargais chuimsitheacha a fháil ó raon de pháirtithe leasmhara taobh istigh den earnáil lán-Ghaeilge agus, ar deireadh thiar, iarracht a dhéanamh creat bailí luachmhar a fhorbairt ina léirítear na croí-inniúlachtaí a bhíonn de dhíth sa tumtheagasc i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon.

#### Conclúid


Ar an iomlán, daingníodh go láidir leis na tuairimí agus leis an aiseolas tábhacht gach aon téama, réimse agus gné a bhaineann leis na croí-inniúlachtaí sa tumoideachas. Ar an dóigh sin, léirítear gur láidir atá bailíocht tógáin ábhar an chreata, faoi mar a mhothaíonn cleachtóirí agus saineolaithe sa tsuíomh tumoideachais é. Ach coigeartuithe breise bunaithe ar an aiseolas a chur san áireamh, tá muintín againn go mbeidh an creat ina acmhainn bhailíochtaí agus ina uirlis a rachaidh chun tairbhe earnáil an oideachais lán-Ghaeilge.

# Torthaí Taighde

#### Creat na forbartha gairmiúla

Trí théama uileghabhálacha atá sna hinniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, mar atá: fíis agus luachanna; eolas múinteoirí lán-Ghaeilge; agus scileanna agus cleachtais oideolaíocha. Leis na téamaí sin, tugtar léirithe cuimsitheacha ar chleachtais teagaisc eiseamláireacha agus ar a bhfuil i gceist le bheith ag obair mar mhúinteoir tumoideachais in Éirinn. Tá réimsí éagsúla leabaithe i ngach aon téama agus tá, gnéithe éagsúla ag gabháil le gach réimse. Cuirtear léargas agus comhthéacs breise ar na gnéithe sin ar fáil leis na táscairí, rud a shaibhríonn an tuiscint orthu. Fíneid a bheidh ailínithe le gach gné, cuirfear ar fáil ar líne iad chun tacaíocht bhreise a thabhairt do mhúinteoirí tumoideachais cleachtais ardchaighdeáin a shainaitheint agus a fhorbairt ina suíomhanna féin.

Fíor 1: Inniúlachtaí an mhúinteora lán-Ghaeilge a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas



Is iad seo a leanas cuspóirí an chreata fhorleathain seo le haghaidh ghairm an mhúinteora san oideachas lán-Ghaeilge:

- cur síos a dhéanamh ar na luachanna bunriachtanacha, ar an eolas ghairmiúil bhunriachtanach, agus ar na cleachtais oideolaíocha bhunriachtanacha atá ag teastáil le haghaidh an teagaisc éifeachtaigh san oideachas lán-Ghaeilge;
- teagasc agus ceannaireacht ardchaighdeáin a chur chun cinn le haghaidh gach foghlaiméora ar fud gach comhthéacs san oideachas lán-Ghaeilge;
- creat a sholáthar le foghlaim agus forbairt ghairmiúil múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a threorú;
- stádas ghairm an mhúinteora san oideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn trí nádúr casta an teagaisc sa réimse a leagan amach go mion soiléir.



## Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – réimsí, gnéithe agus táscairí

Téama	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Réimse	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Gné	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Táscaire	Léitheoireacht bhreise
Fís agus luachanna	Tiomantas don teanga	1. Díograis d'athneartú na Gaeilge	Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge tuiscint dhomhain go comhsheasmhach ar thábhacht an oideachais lán-Ghaeilge ó thaobh athneartú na Gaeilge de. Léiríonn siad tuiscint dhomhain fosta ar an dlúthnasc idir a dtiomantas féin don Ghaeilge agus na freagrachtaí ilghnéitheacha a bhaineann le ról an oideora lán-Ghaeilge ó nádúr.	Ó Domagáin, G. (2023). Namhaid na Ceirde gan í a Fhoghlaim: Tuarascáil ar fheasacht teanga na gcleachtóirí tumoideachais. Le fáil ag: leagan-Gaeilge-Namhaid-na-ceirde-gan-i-a-fhoghlaim.10.08.23.pdf (comhairle.org)
		2. Ardoilteacht teanga agus saibhriú teanga leanúnach	Aithníonn múinteoirí lán-Ghaeilge go comhsheasmhach an comhchoibhneas idir a n-oilteacht féin sa Ghaeilge agus dul chun cinn na ndaltaí. Tuigeann siad gur tascanna leanúnacha iad a scileanna teanga a fheabhsú de shíor, gach iarracht a dhéanamh a bheith cruinn, agus a gcumais teanga a shaibhriú, agus gur tascanna iad a léiríonn an ghairmiúlacht san oideachas lán-Ghaeilge.	Ó Ceallaigh, T.J. agus Ní Chathasaigh, C. (2021). Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Prámh agus guairne an chleachtais. Léann Teanga: An Réiviú 9, lgh. 89-102. Le fáil ar: <a href="http://leannteangaan-reiviu.com/sites/default/files/08-%C3%93%20Ceallaigh%20%26%20N%C3%AD%20Chathasaigh.pdf">http://leannteangaan-reiviu.com/sites/default/files/08-%C3%93%20Ceallaigh%20%26%20N%C3%AD%20Chathasaigh.pdf</a>
	Leanbháraithe	3. Folláine iomlánaíoch an pháiste	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge guth na ndaltaí a chumhachtú go gníomhach inniúil, agus cinntíonn siad go dtugtar cluas éisteachta dóibh agus go mbíonn meas orthu i ngach cinneadh teagaisc. Tugann siad tús áite go rialta d'fholláine na ndaltaí i ngach aon ghné dá ról, lena n-áirítear idirghníomhuithe le tuismitheoirí, modhanna measúnaíthe, straitéisí teagaisc, agus leithdháileadh acmhainní.	Archard, D. (2020). Hearing the child's voice: a philosophical account. <i>Journal of the British Academy</i> , 8, 7-15. <a href="https://doi.org/10.5871/jba/008s4.007">https://doi.org/10.5871/jba/008s4.007</a>
		4. Cultúr cuimsitheach	Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge tuiscint dhomhain agus meas go comhsheasmhach ar na cúlraí cultúrtha, ar chreideamh, agus ar na cleachtas éagsúla atá ag na daltaí. Déanann siad ábhar, áiseanna agus samplaí atá ábhartha ó thaobh an chultúir de a fhí isteach gan stró ina gceachtanna, rud a chhothaíonn nasc le taithí saoi na ndaltaí.	Ní Chlochasaigh K., Shiel, G., agus Ó Duibhir, P. (2020). An Investigation of Immersion Education for Students in Irish-medium Schools in Area of Disadvantage. <i>Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta</i> .
	Féiniúlacht	5. Féiniúlacht an mhúinteora lán-Ghaeilge	Cothaíonn múinteoirí lán-Ghaeilge féiniúlacht an mhúinteora tumoideachais go cumasach muinínach trí bheith ina n-eiseamláir de luachanna an chlár, an oilteacht teanga a fheabhsú, agus an cultúr a fhí isteach sa teagasc, le daltaí agus comhghleacaithe a spreagadh.	Ó Ceallaigh, T.J., Ó Laoire, M. agus Uí Chonghaile, M. (2024) Triggering teacher identity reconfiguration in secondary immersion. In S. Ballinger, R. Fielding & D. Tedick (Eag.), <i>International Perspectives on Teacher Development for Content and Language Integration</i> , Briostó: Multilingual Matters
		6. Féiniúlacht an dalta lán-Ghaeilge	Cothaíonn múinteoirí lán-Ghaeilge féiniúlacht daltaí tumoideachais de shíor tríd an teanga agus tríd an chultúr a chomhtháthú, tríd an bhród i scileanna teanga agus san oidhreacht a chur chun cinn, agus trí mhuintearas agus muinín a chothú.	Ní Dhonnabháin, A. (2014) An Dátheangachas agus an tAitheantas. PhD neamhfhoilsithe san Oideachas, Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Ar fáil ag: <a href="https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/An-Datheangachas-an-tAitheantas.pdf">https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/An-Datheangachas-an-tAitheantas.pdf</a>
	Pobal	7. Forbairt straitéiseach earnáil an oideachais lán-Ghaeilge	Nearthaíonn múinteoirí lán-Ghaeilge pobal an oideachais lán-Ghaeilge go héifeachtach trí fhás an líonra a chothú, rannpháirtíocht tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh, meas a léiriú ar chúntóirí ranga, agus naisc leis an phobal a aithint.	An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2018). <i>Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022</i> . Ar fáil ag: <a href="https://assets.gov.ie/24606/0e2fca7d-b7ca434d92f97360c1197845.pdf">https://assets.gov.ie/24606/0e2fca7d-b7ca434d92f97360c1197845.pdf</a>
		8. An Ghaeltacht mar acmhainn le haghaidh feabhsú teanga	Baineann múinteoirí lán-Ghaeilge úsáid as an Ghaeltacht go cumasach le feabhas a chur ar scileanna teanga daltaí agus ar a bhforbairt teanga féin araon. Déanann siad ábhair dhílse a fhí isteach sa churaclam go comhsheasmhach, éascaíonn siad eispéiris thumthacha, agus bíonn siad ag gabháil d'fheabhas teanga leanúnach.	Mac Cormaic, B. (2011). Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaíthe. <i>Baile Átha Cliath: Coiscéim</i> .

## Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – réimsí, gnéithe agus táscairí

Téama	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Réimse	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Gné	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Táscaire	Léitheoireacht bhreise
Eolas múinteoirí lán-Ghaeilge	Eolas le haghaidh abhcóideacht ar son an tumoideachais	9. Prionsabail theoiriciúla, gnéithe sonracha, agus spriocanna an tumoideachais	Tá tuiscint dhomhain ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar phrionsabail theoiriciúla, ar ghnéithe sonracha agus ar spriocanna an tumoideachais, agus baineann siad úsáid as an eolas sin go cumasach cruthaitheach le faisnéis a roinnt le daoine eile agus tacú go réamhghníomhach leis an scoil i bpobail eile.	Baker, C. agus Wright, W. E. (2021). Foundations of bilingual education and bilingualism (Eagrán 7). <i>Briostól: Multilingualism Matters</i> .
		10. Idirghabháil teanga	Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge a n-oilteacht go comhsheasmhach maidir le timpeallacht foghlama tumthaí a chruthú ina spreagtar foghlaim agus úsáid na teanga agus dul chun cinn sa teanga ar bhealach córasach. Meallann siad daltaí go rialta leis an úsáid teanga a chur chun cinn sa tseomra ranga féin agus taobh amuigh de araon, agus cuireann siad tacaíocht láidir ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí san am chéanna.	Nig Uidhir, G., Ó Duibhir, P., & Ó Cathalláin, S. (2016). Tuismitheoirí ina ngníomhairí in earnáil an Ghaeloideachais. <i>COMHARtaighde</i> (2). <a href="https://doi.org/10.18669/ct.2016.06">https://doi.org/10.18669/ct.2016.06</a>
		11. Ailtirí cultúrtha	Cuireann múinteoirí lán-Ghaeilge béim go rialta ar chur chun cinn inniúlacht shoch-chultúrtha i measc foghlaimeoirí, agus soláthraíonn siad comhthéacsanna tarraingteacha atá freagrúil ó thaobh an chultúir de le feabhas a chur ar an tuiscint agus ar an mheas atá acu ar chultúir éagsúla.	Feinauer, E. & Howard, E. R. (2014). Attending to the third goal: Cross-cultural competence and identity development in two-way immersion programs. <i>Journal of Immersion and Content-Based Language Education</i> , 2(2), 257-272.
	Eolas múinteoirí ar an teanga	12. Inniúlacht chumarsáideach múinteoirí	Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge ardoilteacht san inniúlacht teanga cumarsáidí, agus sárscileanna teanga (mar shampla stór focal fairsing agus téarmaíocht fhairsing a bhaineann go sonrach leis an disciplín, cruinneas gramadaí), sárscileanna sochttheangeolaíoch (mar shampla úsáid teanga atá fóirsteanach ó thaobh cultúir de, straitéisí le haghaidh dioscúrsa éifeachtach), agus sárscileanna pragmatacha (mar shampla solúbthacht, comhleánúnachas, líofacht) acu.	Zwiers, J. (2014). <i>Building Academic Language: Meeting Common Core Standards Across Disciplines, Grades 5-12</i> . Dara heagrán. Jossey-Bass. <a href="https://jeffzwiers.org/publications">https://jeffzwiers.org/publications</a>
	Eolas le haghaidh comhtháthú oideolaíoch	13. Comhtháthú ábhar agus teanga	Tá tuiscint dhomhain ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar na teoricí agus ar an taighde a threoraíonn comhtháthú an ábhair agus na teanga sa tumoideachas .i. diríú go héifeachtach ar an teanga (mar shampla gramadach, comhréir, léacsas, gnéithe den dioscúrsa) i gcomhthéacs taobh istigh de theagasc an ábhair, agus aird na ndaltaí a dhírú ar an teanga agus ar an ábhar a seal go minic agus gan stró san am chéanna.	Morton, T. (2016). Conceptualizing and investigating teachers' knowledge for integrating content and language in content-based instruction. <i>JICB</i> 4(2), 144-167.
		14. Measúnú comhtháite	Tá tuiscint chaolchúiseach ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar dheardh agus ar chur i bhfeidhm measúnuithe iomadúla, idir mheasúnuithe múnlaítheacha agus mheasúnuithe suimitheacha, le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an ábhair agus ar an fhorbairt teanga araon.	Uí Mhurchú, A. (2021). Éifeacht an chultúir: Iníúchadh ar an tionchar a bhíonn ag critéir mheasúnaíthe le béim chomhuaineach ar ábhar agus ar theanga ar ghnóthachtáil agus ar mheon aigne scoláirí i rang staire na chéad bhliana. An M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.
	Eolas le haghaidh cuimsiú	15. Dífreaíl	Baineann múinteoirí lán-Ghaeilge úsáid chomhsheasmhach éifeachtach as straitéisí dífreaíla ar bhealach bunaithe ar leibhéil oilteachta teanga na ndaltaí, agus ar a n-ullmhacht, a réimsí spéise agus a riachtanais aonair. Déanann siad cuspóirí teanga, an t-ábhar, modhanna teagaisc, socrúithe grúpála, agus aschuir na ndaltaí a chur in oiriúint de réir mar is cuil.	Tomlinson, C.A. (2014). <i>The differentiated classroom: Responding to the needs of all learners</i> . (Dara heagrán). Alexandria, VA: ASCD
		16. Riachtanais speisialta oideachais	Tá tuiscint dhomhain ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar fhorbairt iomlánaíoch páistí agus ar na riachtanais uathúla a bhíonn ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuimsítear leis sin eolas ar an reachtaíocht ábhartha, measúnuithe cuimsitheacha a dhéanamh, idirghabhálacha éifeachtacha a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus torthaí a thaifeadadh.	Nic Aindriú, S., Connaughton-Crean, L., Ó Duibhir, P., & Travers, J. (2022). Ag tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. <i>Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath: Sealbhú, Láirionad Taighde Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath um Foghlaim agus Teagasc na Gaeilge, agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta</i> . Le fáil ar: <a href="http://www.cogg.ie">www.cogg.ie</a>
		17. Foghlaimeoirí éagsúla i suíomhanna tumoideachais ilchultúrtha	Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge máistreacht go comhsheasmhach ar bheith i gceannas ar sheomraí ranga ilchultúrtha agus ar thimpeallachtaí uilechuimsitheacha a chur ar bun ina gcuirtear fáilte roimh an éagsúlacht ó thaobh teanga, litearthachta, cultúir agus foghlama de taobh istigh den oideachas lán-Ghaeilge.	Ní Dhiorbháin, A., Connaughton-Crean, L. & Ó Duibhir, P. (2023). Soláthar san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta do pháistí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu. <i>Baile Átha Cliath: Sealbhú, Láirionad Taighde Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath um Foghlaim agus Teagasc na Gaeilge, agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta</i> . Le fáil ar: <a href="http://www.cogg.ie">www.cogg.ie</a>

## Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – réimsí, gnéithe agus táscairí

Téama	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Réimse	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Gné	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Táscaire	Léitheoireacht bhreise
Scileanna agus cleachtas oideolaíoch	Scileanna teanga	18. Aclaíocht teanga (scafláil bhriathartha agus neamhbhriathartha)	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge a gcuid cainte a oiriúnú go hoilte agus go comhsheasmhach, rud a chinntíonn ionchur sothuigthe, (mar shampla luas, tuin chainte, athrá, parafrása, focail ghaolmhara) de réir mar is iomchuí bunaithe ar aois agus ar chumais na ndaltaí, agus baineann siad úsáid as comharthaíocht coirp agus as gothaí gnúise ar bhealach fiúntach le tacú leis an tuiscint.	Lyster, R. (2007). Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach. Amstardam: John Benjamins.
		19. Scileanna aistriúcháin	Aistriúnn múinteoirí lán-Ghaeilge ábhair oideachais go cruinn ó Bhéarla go Gaeilge, agus cinntíonn siad go gcuirtear na hábhair sin in oiriúint don lucht léitheoireachta bheartaithe, mar shampla daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, ar leibhéal tuisceana iomchuí.	Mac Lochlainn, A. (2015). In ord is in Eagar. Baile Átha Cliath: Cois Life.
		20. Naisc thrasteanga	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge naisc thrasteanga a chur i dtábhacht ar bhealach comhsheasmhach éifeachtúil, agus cuireann siad béim ar an fheasacht mheitheangeolaíoch le feabhas a chur ar scileanna ó thaobh stór focal agus délitearthachta de sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.	Ballinger, S., Lyster, R., Sterzuk, A., & Genesee, F. (2017). Context-appropriate crosslinguistic pedagogy: Considering the role of language status in immersion. Journal of Immersion and Content-Based Language Education, 5, 30–57.
		21. Timpeallacht atá saibhir ó thaobh teanga de	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge timpeallacht foghlama atá saibhir ó thaobh teanga de a chruthú agus a chothú go héifeachtach, agus baineann siad úsáid as straitéisí amháil samháltú agus léirithe teagascacha teanga. Baineann siad leas as an timpeallacht sin le foghlaim an ábhair agus forbairt na teanga a shaihbhiú i measc na ndaltaí.	Gibbons, P. (2014). Scaffolding language, Scaffolding learning: Teaching English language learners in mainstream classrooms. Heinemann.
	Scileanna cumasúcháin	22. Úsáid teanga a spreagadh agus aschur feabhsaithe a chumasú	Úsáideann múinteoirí lán-Ghaeilge réimse de straitéisí teagaisc ar bhealach comhsheasmhach, straitéiseach agus inniúil le díoscúrsa breisithe daltaí a chur chun cinn agus le tacú le húsáid na teanga agus leis an fhorbairt teanga i measc daltaí (mar shampla teicnící ceistiúcháin, aga feithimh, straitéisí grúpála, gníomhaíochtaí agus gnáthaimh sa tseomra ranga, ábhair chlóite agus ilmheán).	Creese, A. (2006). Supporting talk? Partnership teachers in classroom interaction. International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 9, 434-453.
		23. Scafláil ghnásúil	Baineann múinteoirí lán-Ghaeilge úsáid chórasach éifeachtach as gníomhaíochtaí teagaisc, gnáthaimh, agus grúpálacha idirghníomhacha le tuiscint, giniúint agus idirghníomhaíocht idir piaraí a chur chun cinn i measc na bpáistí.	Tedick, D.J. & Lyster, R. (2020). Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms. Nua-Eabhrac: Routledge.
		24. Aiseolas ceartaitheach	Tugann múinteoirí lán-Ghaeilge aiseolas ceartaitheach go straitéiseach agus go hinniúil ar úsáid teanga na ndaltaí i bhfoirm athmhúnluithe ceartaitheacha (tugann an múinteoir an leagan ceart) agus i bhfoirm nod (ní thugann an múinteoir an leagan ceart, ach tugann leideanna le haird na ndaltaí a tharraingt ar earráidí, mar shampla leideanna meitheangeolaíoch, soiléiríú a lorg) ar bhealach tuisceanach éifeachtach. Freastalaíonn siad ar an ghá le haiseolas ceartaitheach ar fud gach gné den sprioctheanga, lena n-áirítear gnéithe gramadaí, léacsacha, fóineolaíoch, agus comhréireacha, sa teanga bhéil agus sa teanga scríofa.	Ní Mhurchú, C., Ní Aogáin, S. agus Ó Ceallaigh, T.J. (2023). Aiseolas ceartaitheach mar réiteach ar easnaimh theangeolaíoch sa tumoideachas lán-Ghaeilge. TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics (I gcló).
		25. Scafláil theagascach	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge acmhainní teagaisc éagsúla, amháil eagraithe grafacha, ballaí focal, agus láimhseoga, a chomhtháthú go comhsheasmhach inniúil le feabhas a chur ar an tuiscint agus ar an teanga thairgiúil. Anuas air sin, is minic a chuireann siad cineálacha scaflála ar fáil, mar shampla frámaí scríbhneoireachta agus eagraithe grafacha, le forbairt leanúnach scileanna teanga acadúla ó bhéal agus i scríbhinn a spreagadh.	Tedick, D.J. & Lyster, R. (2020). Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms. Nua-Eabhrac: Routledge.

## Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – réimsí, gnéithe agus táscairí

Téama	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Réimse	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Gné	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Táscaire	Léitheoireacht bhreise
		26. Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim	Cuireann múinteoirí lán-Ghaeilge prionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim i bhfeidhm go héifeachtach chun timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha agus inrochtana a chruthú. Déanann siad ábhair agus acmhainní teagaisc, gníomhaíochtaí, agus measúnuithe a dhearadh agus a ionramháil ar bhealach straitéiseach réamhghníomhach le freastal ar riachtanais, sainroghanna, agus cumais éagsúla na bhfoghlaiméoirí. Thairis sin, is minic a chuireann siad modhanna iomadúla ar fáil le go mbeidh na daltaí in ann iad féin a léiriú, a chur in iúl agus a bheith rannpháirteach, le barr feabhais a chur ar na torthaí foghlama le haghaidh gach dalta.	Nic Aindriú, S., Connaughton-Crean, L., Travers, J. & an tOllamh Ó Duibhir, P. (2022). Ag Tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Baile Átha Cliath: Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Sealbhú, lgh 49-55  Le fáil ar: <a href="https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Ag-tac%C3%BAle-dalta%C3%AD-a-bhfuil-RSO-acu-sa-ch%C3%B3ras-1%C3%A1n-Ghaeilge-.pdf">https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Ag-tac%C3%BAle-dalta%C3%AD-a-bhfuil-RSO-acu-sa-ch%C3%B3ras-1%C3%A1n-Ghaeilge-.pdf</a>
	Scileanna cumarsáide	27. Cumarsáid le tuismitheoirí agus le gairmithe eile	Tugann múinteoirí lán-Ghaeilge faisnéis rithábhachtach maidir leis an tumoideachas do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí agus do ghairmithe eile ar bhealach oilte, rud a chuireann ar a gcumas dóibh sin páirt iomlán a ghlacadh i ndul chun cinn a bpáistí ó thaobh an oideachais de.	Nic Íomhair, A. (2020). Ról na dtuismitheoirí san oideachas lán-Ghaeilge. In G. Nig Uidhir, S. Mac Corraigh, & C. Ó Pronntaigh (eag.), Taighde agus Teagasc 7 (lgh 98-114). Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. <a href="https://www.stmarys-belfast.ac.uk/downloads/research/TandTVolume7.pdf">https://www.stmarys-belfast.ac.uk/downloads/research/TandTVolume7.pdf</a> .
		28. Comhoibriú le cúntóirí ranga	Téann múinteoirí lán-Ghaeilge i gcomhar go héifeachtach le cúntóirí ranga chun straitéisí agus measúnuithe atá idir nuálach agus chomhoibriúch a cheapadh d'fhonn tacú leis an fhorás teanga agus foghlaim an ábhair i measc na ndaltaí.	Rogan, Thomas (2021). The role of classroom assistants: a case study in the context of an immersion school. Tráchtas Ed.D. Le fáil ar: <a href="https://theses.gla.ac.uk/82222/7/2020RoganEdD.pdf">https://theses.gla.ac.uk/82222/7/2020RoganEdD.pdf</a> Léite 30/03/24.
	Scileanna Pleanála	29. Comhtháthú na teanga a phleanáil ar fud an churaclaim	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge an teagasc atá dírithe ar an teanga agus an teagasc atá dírithe ar an ábhar a chomhtháthú go rialta agus go hinniúil sa phleanáil curaclaim, ina gcuimsítear gníomhaíochtaí atá dírithe ar an teanga i ndisciplíní éagsúla agus ar fud disciplíní éagsúla (.i. teagasc foirm-dhírthe).	Cammarata, L. agus Ó Ceallaigh, T.J. (Eag.). (2020). Teacher Development for Immersion and Content-based Instruction. Amstardam: John Benjamins.
		30. Forbairt na délitearthachta	Bíonn múinteoirí lán-Ghaeilge, go comhsheasmhach agus go héifeachtach, ag pleanáil le haghaidh forbairt na délitearthachta, tugann siad tús áite di agus cuireann siad am i leataobh lena haghaidh. Léiríonn cur i bhfeidhm na scileanna pleanála tuiscint ar na dhóigheanna nach ionann forbairt na délitearthachta agus forbairt na litearthachta in aon teanga amháin.	De Brún, J. (2023) The teaching and learning of reading in Irish of 9-11-year-olds in immersion settings in Ireland: A mixed methods case study. DCU: PhD thesis. Ar fáil ag: <a href="https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Thesis-J.-de-Br%C3%B3an-HARD-COPY-14.07.22-16213971-2022-with-refs-appendices.pdf">https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Thesis-J.-de-Br%C3%B3an-HARD-COPY-14.07.22-16213971-2022-with-refs-appendices.pdf</a>



## An creat a úsáid mar uirlis le haghaidh an fháis ghairmiúil

Is fearr úsáid a bhaint as an chreat mar uirlis dhiagnóiseach, mhachnamhach agus oiliúna chun feasacht a fhorbairt ar na réimsí sin ar gá iad a fhorbairt, réimsí a aithint ina bhfuil an múinteoir ar fheabhas ar fad, agus tuiscint níos doimhne a chur chun cinn ar ghnéithe comhthéacsúla agus b'fhéidir ar ghnéithe córasacha a d'fhéadfadh bac a chur ar an tumtheagasc agus ar an tumfhoghlaim éifeachtach. Ba cheart a chuimsiú freisin le cur i bhfeidhm an chreata comhráite d'aon ghnó agus follasacha ar mheasúnú múnlaiteach múinteoirí. Is é an cuspóir atá leis timpeallacht thacúil a chur ar fáil do mhúinteoirí chun labhairt go hoscailte faoina gcleachtais, na dúshláin a bhíonn rompu agus iarracht á déanamh acu cleachtais nua a ghlacadh, agus ar an rath a bhíonn orthu agus barrfheabhas á chur ar a n-eolas agus a scileanna. Thar aon rud eile, is é an cuspóir atá ann feabhas a chur ar fhoghlaim na ndaltaí trí fheabhas a chur ar an teagasc sa seomra ranga.

Tá siad beartaithe chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn cleachtais á gcur i bhfeidhm ag múinteoirí lán-Ghaeilge laistigh de chomhthéacs agus/nó leibhéal ranga lán-Ghaeilge ar leith. Deartar an creat le bheith de nádúr múnlaiteach, agus tá sé i gceist go ndéanfar í a chur i gcríchle himeacht ama le hionchur agus le fianaise ó fhoinisí iomadúla. An cuspóir atá léi aiseolas sonracha mionsonraithe a chur ar fáil do mhúinteoirí agus treoir a sholáthar ar an dul chun cinn amach anseo.



### Inniúlachtaí an mhúinteora lán-Ghaeilge a bhaineann go sonracha leis an tumoideachas: Uirlis mheasúnaithe don chleachtas ghairmiúil

Is féidir le múinteoirí aonair an acmhainn mhachnamhach seo a úsáid chun forbairt ghairmiúil a rianú agus chun réimsí a shainaithint inar gá feabhas a dhéanamh, nó is féidir í a úsáid mar uirlis chun plé agus meastóireacht a spreagadh laistigh d'fhoireann nó ar leibhéal scoile uile.

Céimeanna ar chontanam na n-inniúlachtaí gairmiúla atá sna trí leibhéal, áit ar féidir le múinteoirí, le foirne nó le scoileanna uile iad féin a shuí nó a shamhlú tráth an mhachnaimh agus an chomhlánaithe.

**Leibhéil: 1 = i mbéal forbartha, 2 = i bhfeidhm, 3 = barr feabhais**

1. Ag an chéim seo, tá leibhéal feasachta bainte amach ag na múinteoirí faoin chleachtas a bhfuil cur síos air. Tá siad ag iarraidh an cleachtas sin a bheith acu mar chuid dá stór teagaisc féin. Tosaíonn múinteoirí ag déanamh iarrachtaí a gcuid tuiscintí a úsáid ina gcleachtais, ach ní minic a bhíonn na hiarrachtaí éifeachtach.
2. Ag an chéim seo, ní hamháin go dtuigeann múinteoirí a thábhachtaí atá an cleachtas do theagasc éifeachtach trí mheán na Gaeilge, ach is minic a dhéanann siad iarracht é a bheith mar chuid dá stór teagaisc féin. Bíonn cuid mhór de na hiarrachtaí, (seachas na hiarrachtaí go léir), éifeachtach.
3. Ag an chéim seo, tá an cleachtas anois ina chuid de stór teagaisc laethúil an mhúinteora. Tá sé á úsáid, beo, agus le linn súgartha sa tseomra ranga nó ar fud na scoile ar bhonn leanúnach. Tá an múinteoir oilte agus muiníneach ag cur i bhfeidhm an chleachtais.

## Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – Uirlis mheasúnaithe don chleachtas ghairmiúil

Scoil:												Dáta(í):											
Meastóireacht scoile uile: Is ea / Ní hea																							
Múinteoir aonair nó grúpa múinteoirí:																							
Fís agus luachanna												Fís agus luachanna											
Tiomantas don teanga												Féiniúlacht											
Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge tuiscint dhomhain go comhsheasmhach ar thábhacht an oideachais lán-Ghaeilge ó thaobh athneartú na Gaeilge de.												Cothaíonn múinteoirí lán-Ghaeilge féiniúlacht an mhúinteora tumoideachais go cumasach muiníneach trí bheith ina n-eiseamláir de luachanna an chláir, an oilteacht teanga a fheabhsú, agus an cultúr a fhí isteach sa teagasc, le daltaí agus comhghleacaithe a spreagadh.											
Aithníonn múinteoirí lán-Ghaeilge go comhsheasmhach an comhchoibhneas idir a n-oilteacht féin sa Ghaeilge agus dul chun cinn a ndaltaí.												Cothaíonn múinteoirí lán-Ghaeilge féiniúlacht daltaí tumoideachais de shíor tríd an teanga agus tríd an chultúr a chomhtháthú, tríd an bhród i scileanna teanga agus san oidhreacht a chur chun cinn, agus trí mhuintearas agus muinín a chothú.											
I mbéal forbartha				I bhfeidhm				Barr feabhais				I mbéal forbartha				I bhfeidhm				Barr feabhais			
Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?						An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?						Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?						An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?					
Fócas leanbhlaraithe												Pobal											
Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge guth na ndaltaí a chumhachtú go gníomhach inniúil, agus cinntíonn siad go dtugtar cluas éisteachta dóibh agus go mbíonn meas orthu i ngach cinneadh teagaisc.												Neartaíonn múinteoirí lán-Ghaeilge pobal an oideachais lán-Ghaeilge go héifeachtach trí fhás an líonra a chothú, rannpháirtíocht tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh, meas a léiriú ar chúntóirí ranga, agus naisc leis an phobal a aithint.											
Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge tuiscint dhomhain agus meas go comhsheasmhach ar na cúlraí cultúrtha, ar chreideamh, agus ar na cleachtais éagsúla atá ag na daltaí.												Baineann múinteoirí lán-Ghaeilge úsáid as an Ghaeltacht go cumasach le feabhas a chur ar scileanna teanga daltaí agus ar a bhforbairt teanga féin araon.											
I mbéal forbartha				I bhfeidhm				Barr feabhais				I mbéal forbartha				I bhfeidhm				Barr feabhais			
Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?						An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?						Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?						An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?					

## Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – Uirlis mheasúnaithe don chleachtas ghairmiúil

Scoil:												Dáta(í):											
Meastóireacht scoile uile: Is ea / Ní hea																							
Múinteoir aonair nó grúpa múinteoirí:																							
Eolas an mhúinteora												Eolas an mhúinteora											
Eolas le haghaidh abhcóideacht ar son an tumoideachais												Eolas le haghaidh comhtháthú oideolaíoch											
Tá tuiscint dhomhain ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar phrionsabail theoiriciúla, ar ghnéithe sonracha agus ar spriocanna an tumoideachais.												Tá tuiscint dhomhain ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar na teoiricí agus ar an taighde a threoraíonn comhtháthú an ábhair agus na teanga sa tumoideachas.											
Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge a n-oilteacht go comhsheasmhach maidir le timpeallacht foghlama tumthaí a chruthú ina spreagtar foghlaim agus úsáid na teanga agus dul chun cinn sa teanga ar bhealach córasach.												Tá tuiscint chaolchúiseach ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm measúnuithe iomadúla, idir mheasúnuithe múnlaiteacha agus mheasúnuithe suimitheacha, le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an ábhair agus ar an fhorbairt teanga araon.											
Cuireann múinteoirí lán-Ghaeilge béim go rialta ar chur chun cinn inniúlachta soch-chultúrtha i measc foghlaimeoirí le feabhas a chur ar an tuiscint agus ar an mheas atá acu ar chultúir éagsúla.																							
I mbéal forbartha				I bhfeidhm				Barr feabhais				I mbéal forbartha				I bhfeidhm				Barr feabhais			
Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?						An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?						Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?						An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?					
Eolas múinteoirí ar an teanga												Eolas le haghaidh cuimsiú											
Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge ardoilteacht san inniúlacht teanga cumarsáidí, agus sárscileanna teanga (mar shampla stór focal fairsing agus téarmaíocht fhairsing a bhaineann go sonracha leis an disciplín, cruinneas gramadaí), sárscileanna sochtheangeolaíocha (mar shampla úsáid teanga atá fóirsteanach ó thaobh cultúir de, straitéisí le haghaidh dioscúrsa éifeachtach), agus sárscileanna pragmatacha (mar shampla solúbthacht, comhleanúnachas, líofacht) acu.												Baineann múinteoirí lán-Ghaeilge úsáid chomhsheasmhach éifeachtach as straitéisí difreála ar bhealach eolach bunaithe ar leibhéal oilteachta teanga na ndaltaí, agus ar a n-ullmhacht, a réimsí spéise agus a riachtanais aonair. Déanann siad cuspoirí teanga, an t-ábhar, modhanna teagaisc, socrúithe grúpála, agus aschuir na ndaltaí a chur in oiriúint de réir mar is cuí.											
Tá tuiscint dhomhain ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar fhorbairt iomlánaíoch páistí agus ar na riachtanais uathúla a bhíonn ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuimsítear leis sin eolas ar an reachtaíocht ábhartha, measúnuithe cuimsitheacha a dhéanamh, idirghabhálacha éifeachtacha a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus torthaí a thairgeadh.												Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge máistreacht go comhsheasmhach ar bheith i gceannas ar sheomraí ranga ilchultúrtha agus ar thimpeallachtaí uilechuimsitheacha a chur ar bun ina gcuirtear fáilte roimh an éagsúlacht ó thaobh teanga, litearthachta, cultúir agus foghlama de taobh istigh den oideachas lán-Ghaeilge.											
I mbéal forbartha				I bhfeidhm				Barr feabhais				I mbéal forbartha				I bhfeidhm				Barr feabhais			
Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?						An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?						Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?						An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?					

## Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – Uirlis mheasúnaithe don chleachtas ghairmiúil

Scoil:		Dáta(í):	
Meastóireacht scoile uile: Is ea / Ní hea			
Múinteoir aonair nó grúpa múinteoirí:			
Scileanna agus cleachtais oideolaíoch		Scileanna agus cleachtais oideolaíoch	
Scileanna teanga		Scileanna cumasúcháin	
Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge a gcuid cainte a oiriúnú go hoilte agus go comhsheasmhach, rud a chinntíonn ionchur sothuigthe, (mar shampla luas, tuin chainte, athrá, parafrása, focail ghaolmhara) de réir mar is iomchuí.		Úsáideann múinteoirí lán-Ghaeilge réimse de straitéisí teagaisc ar bhealach comhsheasmhach, straitéiseach agus inniúil chun dioscúrsa breisithe daltaí a chur chun cinn.	
Aistríonn múinteoirí lán-Ghaeilge ábhair oideachais go cruinn ó Bhéarla go Gaeilge, agus cinntíonn siad go gcuirtear na hábhair sin in oiriúint don lucht léitheoireachta beartaithe (mar shampla daltaí/tuismitheoirí/caomhnóirí).		Baineann múinteoirí lán-Ghaeilge úsáid chórasach éifeachtach as gníomhaíochtaí teagaisc, gnáthaimh, agus grúpálacha idirghníomhacha le tuiscint, giniúint agus idirghníomhaíocht idir píaraí a chur chun cinn i measc ná bpáistí.	
Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge naisc thrasteanga a chur i dtábhacht ar bhealach comhsheasmhach éifeachtúil, agus cuireann siad béim ar an fheasacht mheitheangeolaíoch le feabhas a chur ar scileanna ó thaobh stór focal agus délitearthachta de sa Ghaeilge agus sa Bhéarla aron.		Tugann múinteoirí lán-Ghaeilge aiseolas ceartaitheach go straitéiseach agus go hinniúil ar úsáid teanga na ndaltaí i bhfoirm athmhunluithe ceartaitheacha (tugann an múinteoir an leagan ceart) agus i bhfoirm nod (ní thugann an múinteoir an leagan ceart, ach tugann leideanna chun aird na ndaltaí a tharraingt ar earráidí) ar bhealach tuisceanach éifeachtach.	
Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge timpeallacht foghlama atá saibhir ó thaobh teanga de a chruthú agus a chothú go héifeachtach, agus baineann siad úsáid as straitéisí amhail samhail agus léirithe teagascacha teanga. Baineann siad leas as an timpeallacht sin le foghlaim an ábhair agus forbairt na teanga a shaihbriú i measc na ndaltaí.		Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge acmhainní teagaisc éagsúla, amhail eagraithe grafacha, ballaí focal, agus láimhseoga, a chomhtháthú go comhsheasmhach inniúil le feabhas a chur ar an tuiscint agus ar an teanga thairgiúil. Anuas air sin, is minic a chuireann siad cineálacha scafála ar fáil, mar shampla frámaí scríbhneoireachta agus eagraithe grafacha, le forbairt leanúnach scileanna teanga acadúla ó bheal agus i scríbhinn a spreagadh.	
I mbéal forbartha		I bhfeidhm	
Barr feabhais		Barr feabhais	
Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?		An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?	
I mbéal forbartha		I bhfeidhm	
Barr feabhais		Barr feabhais	
Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?		An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?	
Scileanna cumarsáide		Scileanna pleanála	
Tugann múinteoirí lán-Ghaeilge faisnéis ríthábhachtach maidir leis an tumoideachas do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí agus do ghairmithe eile ar bhealach oilte.		Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge an teagasc atá dírithe ar an teanga agus an teagasc atá dírithe ar an ábhar a chomhtháthú go rialta agus go hinniúil sa pleanáil curaclaim, ina gcuimsítear gníomhaíochtaí atá dírithe ar an teanga i ndisciplíní éagsúla agus ar fud disciplíní éagsúla (.i. teagasc foirm-dhírthe).	
Téann múinteoirí lán-Ghaeilge i gcomhar go héifeachtach le cúntóirí ranga le straitéisí agus measúnuithe atá idir nuálach agus chomhoibríoch a cheapadh d'fhonn tacú leis an fhorás teanga agus foghlaim an ábhair i measc na ndaltaí.		Bíonn múinteoirí lán-Ghaeilge, go comhsheasmhach agus go héifeachtach, ag pleanáil le haghaidh fhorbairt na délitearthachta, tugann siad tús áite di agus cuireann siad am i leataobh lena haghaidh.	
I mbéal forbartha		I bhfeidhm	
Barr feabhais		Barr feabhais	
Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?		An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?	
I mbéal forbartha		I bhfeidhm	
Barr feabhais		Barr feabhais	
Cén fhianaise atá ann le tacú le do mheasúnú?		An ann do réimsí fiosraithe eile ba mhian leat a iniúchadh? Cad iad na spriocanna feabhais ba mhian leat a bhaint amach?	

# Súil Siar agus Súil ar Aghaidh

Léirítear go soiléir le torthaí an staidéir seo nádúr ilghnéitheach obair na múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge. Sainithnítear na hinniúlachtaí bunriachtanacha a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, na croí-luachanna, na scileanna agus an t-eolas ag a bhfuil acmhainneacht mhór leis an ghairm a chur chun cinn agus le freastal níos fearr ar gach aon fhoghlaimoir san oideachas lán-Ghaeilge. Soláthraítear leo cur síos iomlánaíoch ar a bhfuil i gceist leis an chleachtas teagaisc ardchaighdeán agus ar a bhfuil i gceist le bheith mar mhúinteoir san oideachas lán-Ghaeilge in Éirinn. Tugtar doimhneacht agus comhthéacs sna réimsí agus sna gnéithe agus tacaítear le múinteoirí tumoideachais cleachtais ardchaighdeán a shainithint agus a fhorbairt ina suíomh féin. Cuirtear ar fáil creat le foghlaim agus forbairt ghairmiúil múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a threorú mar aon le stádas ghairm an mhúinteora san oideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn.

*Is tasc casta atá sa teagasc tumoideachais, agus ní féidir ach le lucht saothair oilte eolach máistreacht a fháil air.*

(Nig Uidhir & Ó Ceallaigh, 2023, lch. 28)





Tá gealladh faoin chreat sin mar cuirtear ar chumas múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge gabháil d'iniúchadh ar a gcleachtas ar bhealach leanúnach, domhain, córasach agus machnamhach. Cuirtear bonn eolais faoin cheannaireacht agus faoin chleachtas tumoideachais ar leibhéal na forbartha curaclaim, an dearaidh ábhair, an teagaisc sa tseomra ranga, na foghlama agus an mheasúnaithe freisin. Ina theannta sin, cuirtear ar a gcumas do thaighdeoirí iniúchadh a dhéanamh ar réimsí éagsúla an eolais atá ag múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge agus na réimsí sin a mhapáil, agus féachaint ar an dóigh a múnlaíonn an bonn eolais sin an cleachtas agus torthaí na ndaltaí. Thairis sin, spreagtar an lucht déanta beartas le réimsí forbartha a shainathint, go háirithe réimsí a rachfar i ngleic leo ina dhiaidh sin trí oideachas múinteoirí saincheaptha agus tionscnaimh spriocdhírthe maidir leis an fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí.

B'fhiú féachaint níos grinne ar théama inniúlachtaí an mhúinteora a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, ar mhaithe le feabhas a chur ar chlár thumoideachais trí chéile agus toisc go bhféadfaí cur leis an phlé níos leithne ar ullmhú agus ar chreidiúnú múinteoirí le haghaidh an tumoideachais in Éirinn. Mar sin féin, go dtí seo, ní théann ach líon beag staidéar i gcomhar le múinteoirí leis na hinniúlachtaí sin a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas agus a bhíonn de dhíth sa tumoideachas a shainathint (Nig Uidhir & Ó Ceallaigh, 2023). Bíonn an gort seo ag athrú i rith an ama, rud a spreagann

múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge le leas a bhaint as claochluithe oideachais le bheith nuálach ina gcuid teagaisc féin. Dá bhrí sin, is rithábachtach an rud é athnuachan leanúnach a dhéanamh ar a gcroí-inniúlachtaí, bunaithe ar an taighde agus ar an chleachtas, le haghaidh forbairt agus gairmiúlacht múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge agus le máistreacht a fháil ar athruithe oiriúnaitheacha agus bunathraitheacha. An cuspóir a bhaineann leis an taighde reatha ná creat a sholáthar le foghlaim agus forbairt ghairmiúil múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a threorú i.e. creat a chuireann ar chumas an mhúinteora tumoideachais lán-Ghaeilge feasacht a fhorbairt ar na réimsí sin ar gá iad a fhorbairt, réimsí a aithint ina bhfuil an múinteoir ar fheabhas ar fad, agus tuiscint níos doimhne a chur chun cinn ar ghnéithe comhthéacsúla agus b'fhéidir ar ghnéithe córasacha a chuireann bac ar an teagasc agus ar an fhoghlaim éifeachtach san oideachas lán-Ghaeilge.

Léirigh an próiseas comhairliúcháin a bhain leis an taighde seo gurbh fhiú go mór féachaint níos grinne ar théama inniúlachtaí an mhúinteora a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, ar mhaithe le feabhas a chur ar chlár thumoideachais trí chéile agus toisc go bhféadfaí cur leis an phlé níos leithne ar ullmhú agus ar chreidiúnú múinteoirí le haghaidh an tumoideachais in Éirinn.

Ní shamhlaítear gur tacar druidte an 30 gné de luachanna, eolas agus scileanna oideolaíochta a chuirtear faoi bhur mbráid sa chreat

féinmheasúnaithe seo. Má chuirtear i bhfeidhm mar is cuí é, spreagfar machnamh gairmiúil, plé criticiúil agus caibidil bhríomhar i seomraí ranga agus i seomraí foirne ar fud ghaelscoileanna na tíre agus is cinnte, amach anseo, go molfar

leasuithe de réir mar a fhásfaidh an earnáil agus de réir mar a athraíonn na tosa agus na tosaíochtaí a imríonn tionchar ar ról múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge.



# Tagairtí

Cammarata, L. & Ó Ceallaigh, T.J. (eag.) (2020) Teacher development for immersion and content-based instruction. Benjamins.

Cammarata, L., & Cavanagh, M. (2018) In search of immersion teacher educators' knowledge base: Exploring their readiness to foster an integrated approach to teaching. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 6(2), 189-217

Cammarata, L., & Haley, C. (2018) Integrated content, language, and literacy instruction in a Canadian French immersion context: A professional development journey. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(3), 332–348. <https://doi.org/10.1080/13670050.2017.1386617>

Coyle, D., Hood, P., & Marsh, D. (2010). *CLIL: Content and language integrated learning*. Cambridge: Cambridge University Press.

An Roinn Oideachais (2016) *Learning Leaders: A Strategy for Teacher Professional Learning*. Le fáil ar: <https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/de/strategy-document-english.pdf>

Darling-Hammond, L., Hyle, M. E., Gardner, M. (2017) 'Effective teacher professional development', Palo Alto, CA: Learning Policy Institute. Ar fáil ag: [https://learningpolicyinstitute.org/sites/default/files/product-files/Effective\\_Teacher\\_Professional\\_Development\\_REPORT.pdf](https://learningpolicyinstitute.org/sites/default/files/product-files/Effective_Teacher_Professional_Development_REPORT.pdf).

Department of Education, NI (2021) *A Fair Start*. Le fáil ar: <https://www.education-ni.gov.uk/publications/fair-start-final-report-action-plan>

Desimone, L. M. (2009) *Improving impact studies of teachers'*

professional development: Toward better conceptualizations and measures. *Educational Researcher*, 38(3), 181–199. <http://www.jstor.org/stable/20532527>

Echevarría, J., Vogt, M., & Short, D.J. (2008) Making content comprehensible for English learners: The SIOP® Model (3ú heagrán). Boston, MA: Pearson Education.

Escamilla, K., Hopewell, S., Butvilofsky, S., Sparrow, W., Soltero-González, L., Ruiz-Figueroa, O., & Escamilla, M. (2014) *Biliteracy from the start: Literacy Squared in action*. Philadelphia: Caslon Publishing.

Fielding, R. & Harbon, L. (2017). An exploration of content and language integrated pedagogy. *Babel*, 52(2-3), 32– 45.

Flynn, C. (2022) *Adult Minority Language Learning: Motivation, Identity and Target Variety*. Multilingual Matters.

Genesee, F., & Hamayan, E. (2016) *CLIL in context: Practical guidance for educators*. Cambridge: Cambridge University Press.

Gibbons, P. (2015) *Scaffolding language scaffolding learning: Teaching English language learners in the mainstream classroom* (2nd ed.). Portsmouth, NH: Heinemann.

Gilleece, L., Shiel, G., Clerkin, A., agus Millar, D. (2011) *Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a Bhíonn ag Teagasc Trí Mheán na Gaeilge: Príomhthuarascáil*. Baile Átha Cliath: Educational Research Centre.

Hamayan, E., Genesee, F., & Cloud, N. (2013) *Dual language instruction from A to Z: Practical guidance for teachers and administrators*. Portsmouth, NH: Heinemann.

Farren, S., Clarke, L. & O Doherty, T. (2019) *Teacher Preparation in Northern Ireland*. An Ríocht Aontaithe: Emerald Publishing.

Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S., & O'Gorman, M. (2006) *Irish in primary schools: Long-term national trends in achievement*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Howard E. R., Lindholm-Leary K. J., Rogers D., Olague N., Medina J., Kennedy B., Sugarman J. agus Christian D. (2018) *Guiding Principles for Dual Language Education* (3ú heagrán). Washington: Center for Applied Linguistics.

Hunt V. (2011) *Learning from success stories. Leadership structures that support dual language programs over time in New York City*. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*. 14(2): 187-206.

Lyster R., & Ballinger, S. (2011) *Content-based language teaching: Convergent concerns across divergent contexts*. *Language Teaching Research*, 15.3, 279-288.

Lyster, R. (2007) *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach*. Amstardam: John Benjamins.

Lyster, R. (2016) *Vers une approche intégrée en immersion [Towards an integrated approach in immersion]*. Anjou, Québec: Les Éditions CEC.

Mac Corraigh, S. (1998) *Ar thóir an dea-chleachtais: The quest for best practice in Irish-medium primary schools in Belfast*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Mac Corraigh, S. (2021) *Gnéithe d'idirtheanga na Gaeilge i measc déagóirí sa mheánscolaíocht lán-Ghaeilge agus cleachtas oideolaíoch a fhairsingeoidh a bhfeasacht ar noirm na Gaeilge: cur leis an díospóireacht*. In Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.), *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais? An Dara Comhdháil Taighde Uile-oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Maguire, G. (1990) *Our Own Language*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.

Mehisto, P. & Genesee, F. (Eag.) (2015) *Building bilingual education systems: Forces, mechanisms and counterweights*. Cambridge University Press.

Morton, T. (2018) *Conceptualizing and investigating teachers' knowledge for integrating content and language in content-based instruction*. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 4(2), 144–167.

Ní Aogáin, S., & Ó Duibhir, P. (2022) *Ó theoiric go cleachtas: Aiseolas ceartaitheach i mbunscoileanna lán-Ghaeilge*. Teanga, 29, 80-106. <https://journal.iraal.ie/index.php/teanga/article/view/2520>

Ní Aogáin, S. Ní Mhurchú agus Ó Ceallaigh, T.J. (2021) *I dtreo an tsealbhaithe ar bhealach iomlánaíoch: Forbairt na foirme i gcomhthéacs na cumarsáide sa suíomh lán-Ghaeilge*. *Irish Teachers' Journal*, 9:1, 109-123. Ar fáil ag: [https://www.into.ie/app/uploads/2019/07/ITJ2021\\_Final\\_Web.pdf](https://www.into.ie/app/uploads/2019/07/ITJ2021_Final_Web.pdf)

Ní Chathasaigh C (2020) *Ról agus freagracht an mhúinteora ábhair sa Ghaelcholáiste maidir le cruinnúsáid na Gaeilge i measc scoláirí a chothú: Creidiúintí, dúshláin agus cleachtais*. *Tráchtas M. Oid.*, Ollscoil Luimnigh, Éire.

Ní Chlochasaigh K, Shiel G. & Ó Duibhir P (2020). *Iníúchadh ar an tumoideachas do dhaltá i scoileanna lán- Ghaeilge i gceantair mhíbhuntáiste*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Ar fáil ag: [https://www.cogg.ie/wpcontent/uploads/Taighde\\_Sealbh%C3%BA-1.pdf](https://www.cogg.ie/wpcontent/uploads/Taighde_Sealbh%C3%BA-1.pdf)

Ní Chathasaigh, C. & Ó Ceallaigh, T.J. (2021) *Feasacht teanga an mhúinteora ábhair iarbhunscoile sa tumoideachas: Dearthaí, eispéiris agus tuairimí múinteoirí ábhair i nGaelcholáistí*. *COMHARTaighde 7* <https://doi.org/10.18669/ct.2021.03>

Ní Chlochasaigh K, Shiel G & Ó Duibhir P (2020) *An Investigation of Immersion Education for Students in Irish-medium Schools in Area of Disadvantage*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ní Dhiorbháin, A., Connaughton-Crean, L. & Ó Duibhir, P. (2023) *Soláthar san oideachas lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do pháistí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu*. Baile Átha Cliath: Sealbhú, Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge, agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Le fáil ar: [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie).

Ní Dhiorbháin, A., Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P. (2021) *Dearthaí múinteoirí lán-Ghaeilge ar a n inniúlacht sa ghramadach agus ar chur chuige nuálach do theagasc na gramadaí*. In G. Nig Uidhir, S. Mac Corraigh & C. Ó Pronntaigh (eag.) *Taighde agus Teagasc 7. Béal Feirste: SMUCB*

Ní Longaigh, E. (2016) *Scileanna teanga a fheabhsú i bpáistí ar ardchaighdeán Gaeilge: Scagadh ar na dea-chleachtais atá i bhfeidhm i ngaelscoileanna*. In T. J. Ó Ceallaigh agus Ó Laoire, M. (Eag.), *Bua nó dua? Imeachtaí comhdhála: An Chomhdháil taighde uile-oileánda ar an tumoideachas*. 15-16 Bealtaine 2015, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

Nig Uidhir, G. agus Ó Ceallaigh, T.J. (2023). *Developing teacher and leadership capacity in Irish-medium education: An analysis of immersion-specific competences*. *SCoTENS (The Standing Conference on Teacher Education, North and South)*. <https://scotens.org/site/wp-content/uploads/TLC-IME-English-version-of-report-for-SCoTENS.pdf>

Ní Thuairisg L. (2014) *Léargas ar thairbhí múinteoirí iarbhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshláin Ghairmiúla agus Riachtanais Oiliúna*. *Tráchtas PhD san Oideachas, Coláiste Phádraig, Droim Chonrach, Baile Átha Cliath, Éire*.

Nic Réamoinn, E. (2017) *Forbairt teanga an mhúinteora sa Ghaelcholáiste*. *Tráchtas neamhfhoilsithe don Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh*.

O'Boyle, A., Engman, M., Ortega, Y., & Turkan, S. (2023) *Fair? Shared? Supported? Examining expectation and realities for Irish-medium practitioners. A research report on the additional competences and associated workloads of the Irish-medium practitioner*. *Comhairle na Gaelscolaíochta*. <https://www.comhairle.org/gaeilge/ensuring-effective-teacher-supply-in-the-irish-medium-sector/>

Ó Cathalláin, S., Nig Uidhir, G. & Ó Duibhir, P. (2016) *An Gaeloideachas: aistear fáis agus forbartha*. In T. J. Ó Ceallaigh agus Ó Laoire, M. (Eag.), *Bua nó dua? Imeachtaí comhdhála: An Chomhdháil taighde uile-oileánda ar an tumoideachas*. 15-16 Bealtaine 2015, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

Ó Ceallaigh, T.J. (2013) *Teagasc foirm-dhírthe i gcomhthéacs an tumoideachais lán-Ghaeilge: Imscrúdú criticiúil ar dhearcthaí agus ar chleachtais mhúinteoirí*. *Tráchtas PhD neamhfhoilsithe*. Corcaigh: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ó Ceallaigh, T.J. (2020) *Feasacht teanga múinteoirí a nochtadh tríd an Staidéar Ceachta*. *Taighde agus Teagasc 7*, lgh 171-186.

Ó Ceallaigh, T. J. (2016) *Ag plé le rigor mortis teangeolaíochta*. *Dearthaí agus cleachtais mhúinteoirí an tumoideachais*. In T. J. Ó Ceallaigh agus Ó Laoire, M. (Eag.), *Bua nó dua? Imeachtaí comhdhála: An Chomhdháil taighde uile-oileánda ar an tumoideachas*. 15-16 Bealtaine 2015, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh. Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Brolcháin, C. (2020) *Trasteangas san oideachas lán-Ghaeilge: Deiseanna agus dúshláin*. *Taighde agus Teagasc 7*, lgh 155-170.

Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Chathasaigh, C. (2021) *Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Préamh agus guairne an chleachtais*. *Léann Teanga:An Réiviú 9*, lgh. 89-102. Ar fáil ag: <http://leannteangaanreiviu.com/sites/default/files/08-%C3%93%20Ceallaigh%20%26%20N%C3%AD%20Chathasaigh.pdf>

Ó Ceallaigh, T. J. & Ní Shéaghdha, A. (2017) *Critéir aitheantais cuí um dhearbhu cáilíochta agus dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann*. Baile Átha Cliath: Gaeloideachas.

Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Shéaghdha, A. (2021) *Leadership and school self-evaluation in Irish-medium immersion: A roadmap for success*. *Educational Management Administration & Leadership*, <https://doi.org/10.1177/17411432211015218>

Ó Ceallaigh, T. J. agus Ó Laoire, M. (eag.) (2021). *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais*. An Dara Comhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála / The Second All-Ireland Research Conference on Immersion Education: Conference Proceedings. Ar fáil ag [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

Ó Ceallaigh, T. J. agus Ó Laoire, M. (eag.) (2016). An Tumoideachas: Bua nó Dú? An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála / The Inaugural All-Ireland Research Conference on Immersion Education: Conference Proceedings. Ar fáil ag <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/an-tumoideachas-bua-no-dua.pdf>

Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. & Leavy, A. (2018) Developing potentiality: pre-service elementary teachers as learners of language immersion teaching. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, DOI:10.1080/13670050.2018.1489779.

Ó Ceallaigh, T.J., Ó Laoire, M. & Uí Chonghaile, M. (2019) Comhtháthú ábhar agus teanga san iarbhunscoil lán-Ghaeilge/ Ghaeltachta: I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun deachleachtais a nochtadh. *Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta*. Le fáil ar [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

Ó Duibhir, P. (2018) Immersion education: Lessons from a minority language context. *Briostó: Multilingual Matters*.

Ó hAiniféin, D. (2007) Iniúchadh ar na múnlaí tumoideachais reatha i nGaelscoileanna, i bPoblacht na hÉireann, agus ar na caighdeán ghnóthachtála i léitheoireacht an Bhéarla iontu (Tráchtas M.Oid. Neamhfhoilsithe). *Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*.

Ó Treasaigh, D. (2019) Conas mar a théann an TFC i bhfeidhm ar inniúlacht an mhúinteora ag an dara leibhéal. *Tráchtas neamhfhoilsithe don Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh*.

Pérez Cañado, M. L. (2016) Teacher training needs for bilingual education: in-service teacher perceptions. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 19(3), 266–295. <https://doi-org.ucc.idm.oclc.org/10.1080/13670050.2014.980778>

Rocque R., Ferrin S., Hite J. agus Randall V. (2016) The unique skills and traits of principals in one-way and two-way dual immersion schools. *Foreign Language Annals*. 49(4): 801-818.

Scanlan M. agus López F. A. (2015) *Leadership for Culturally and Linguistically Responsive Schools*. New York: Routledge.



Steffen, G. (2013) *Les disciplines dans l'enseignement bilingue. Apprentissage intégré des savoirs disciplinaires et linguistiques*. Berne: Peter Lang. <https://doi.org/10.3726/978-3-653-02663-4>

Swain, M. (1988) Manipulating and complementing content teaching to maximize second language learning. *TESL Canada Journal*, 6, 68–83. <https://doi.org/10.18806/tesl.v6i1.542>

Tedick, D. J., & Fortune, T. W. (2013). Bilingual/immersion teacher education. In C. Chappelle (Eag.), *The encyclopedia of applied linguistics*. Oxford: Blackwell.

Tedick, D. J., & Mathieu, C. (2018, May). Validating a rubric for immersion teacher assessment. In T.J. Ó Ceallaigh (Cathaoirleach), *An Cumas Teagaisc agus Ceannaireachta a fhorbairt sa Tumoideachas [Siompóisiam]*. An Dara Comhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas, Luimneach.

Tedick, D.J. & Lyster, R. (2020) *Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms*. Nua-Eabhrac: Routledge.

Thomas, W.P. & Collier, V.P. (2017) *Why dual language schooling*. Albuquerque: Dual Language Education in New Mexico and Fuentre Press.

Uí Mhurchú, A. (2021) Éifeacht an chúltonchair: Iniúchadh ar an tionchar a bhíonn ag critéir mheasúnaithe le béim chomhuaineach ar ábhar agus ar theanga ar ghnóthachtáil agus ar mheon aigne scoláirí i rang staire na chéad bhliana. *An M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach*.

Walsh, C (2007) *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*. *Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta*.

## Aguisíní

1. Creat na forbartha gairmiúla: córas lárnach
2. Framework for Professional Development
3. Assessment for Professional Practice






# Aguisín 1 Creat na forbartha gairmiúla: córas lárnach

**Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – réimsí, gnéithe agus sonraí breise**

Trí théama uileghabhálacha atá sna hinniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas, mar atá: fíis agus luachanna; eolas múinteoirí lán-Ghaeilge; agus scileanna agus cleachtais oideolaíocha. Leis na téamaí sin, tugtar léirithe cuimsitheacha ar chleachtais teagaisc eiseamláireacha agus ar a bhfuil i gceist le bheith ag obair mar mhúinteoir tumoideachais in Éirinn. Tá réimsí éagsúla leabaithe i ngach aon téama díobh, agus tá gnéithe éagsúla ag gabháil le gach réimse. Cuirtear léargas agus comhthéacs breise ar na gnéithe sin ar fáil leis na táscairí, rud a shaibhríonn an tuiscint orthu.

**Fíor 1:** Inniúlachtaí an mhúinteora lán-Ghaeilge a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas



Is iad seo a leanas cuspóir na rúibrice forleithne seo le haghaidh ghairm an mhúinteora san oideachas lán-Ghaeilge:

- cur síos a dhéanamh ar na luachanna bunriachtanacha, ar an eolas gairmiúil bunriachtanach, agus ar na cleachtais oideolaíocha bunriachtanacha atá ag teastáil le haghaidh an teagaisc éifeachtaigh san oideachas lán-Ghaeilge;
- teagasc agus ceannaireacht ardchaighdeán a chur chun cinn le haghaidh gach foghlaimora ar fud gach comhthéacs san oideachas lán-Ghaeilge;
- creat a sholáthar chun foghlaim agus forbairt ghairmiúil múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a threorú;
- stádas ghairm an mhúinteora san oideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn trí nádúr casta an teagaisc sa réimse a leagan amach go mion soiléir.

**Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – réimsí, gnéithe agus táscairí**

Téama	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Réimse	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Gné	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Táscaire	Léitheoireacht bhreise
Fíis agus luachanna	Tiomantas don teanga	1. Díograis d'athneartú na Gaeilge	Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge tuiscint dhomhain go comhsheasmhach ar thábhacht an oideachais lán-Ghaeilge ó thaobh athneartú na Gaeilge de. Léiríonn siad tuiscint dhomhain freisin ar an dlúthnasc idir a dtiomantas féin don Ghaeilge agus na freagrachtaí ilghnéitheacha a bhaineann le ról an oideora lán-Ghaeilge ó nádúr.	Domagáin, G. (2023). Namhaid na Ceirde gan í a Fhoghlaim: Tuarascáil ar fheasacht teanga na gcleachtóirí tumoideachais. (Not to Learn the Craft Is to Oppose It: Report on language awareness among immersion education practitioners) leagan-Gaeilge-Namhaid-na-ceirde-gan-í-a-fhoghlaim.10.08.23.pdf (comhairle.org)
		2. Ardoilteacht teanga agus saibhriú teanga leanúnach	Aithníonn múinteoirí lán-Ghaeilge go comhsheasmhach an comhchoibhneas idir a n-oilteacht féin sa Ghaeilge agus dul chun cinn a ndaltaí. Tuigeann siad gur tascanna leanúnacha iad a scileanna teanga a fheabhsú de shíor, gach iarracht a dhéanamh le bheith cruinn, agus a gcumas teanga a shaibhriú, agus gur tascanna iad a léiríonn an ghairmiúlacht san oideachas lán-Ghaeilge.	Ó Ceallaigh, T.J. agus Ní Chathasaigh, C. (2021). Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Prámh agus guairne an chleachtais. Léann Teanga: An Réiviú 9, lgh. 89-102. Le fáil ar: <a href="http://leannteangaan-reiviu.com/sites/default/files/08-%C3%93%20Ceallaigh%20%26%20N%C3%AD%20Chathasaigh.pdf">http://leannteangaan-reiviu.com/sites/default/files/08-%C3%93%20Ceallaigh%20%26%20N%C3%AD%20Chathasaigh.pdf</a>
	Leanbháraithe	3. Folláine iomlánaíoch an linbh	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge guth na ndaltaí a chumhachtú go gníomhach inniúil, agus cinntíonn siad go dtugtar cluas éisteachta dóibh agus go mbíonn meas orthu i ngach cinneadh teagaisc. Tugann siad tús áite go rialta d'fholláine na ndaltaí i ngach aon ghné dá ról, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí le tuismitheoirí, modhanna measúnaithe, straitéisí teagaisc, agus leithdháileadh acmhainní.	Archard, D. (2020). Hearing the child's voice: a philosophical account. Journal of the British Academy, 8, 7-15. <a href="https://doi.org/10.5871/jba/008s4.007">https://doi.org/10.5871/jba/008s4.007</a>
		4. Cultúr cuimsitheach	Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge tuiscint dhomhain agus meas go comhsheasmhach ar na cúlraí cultúrtha, ar chreideamh, agus ar na cleachtais éagsúla atá ag na daltaí. Déanann siad ábhar, áiseanna agus samplaí atá ábhartha ó thaobh an chultúir de a fhí isteach gan stró ina gceachtanna, rud a chothaíonn nasc le taithí saoil na ndaltaí.	Ní Chlochasaigh K., Shiel, G., agus Ó Duibhir, P. (2020). An Investigation of Immersion Education for Students in Irish-medium Schools in Area of Disadvantage. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
	Féiniúlacht	5. Féiniúlacht an mhúinteora lán-Ghaeilge	Cothaíonn múinteoirí lán-Ghaeilge féiniúlacht an mhúinteora tumoideachais go cumasach muiníneach trí bheith ina n-eiseamláir de luachanna an chláir, an oilteacht teanga a fheabhsú, agus an cultúr a fhí isteach sa teagasc, chun daltaí agus comhghleacaithe a spreagadh.	Ó Ceallaigh, T.J., Ó Laoire, M. agus Uí Chonghaile, M. (2023) Triggering teacher identity reconfiguration in secondary immersion. In S. Ballinger, R. Fielding & D. Tedick (Eds.), International Perspectives on Teacher Development for Content and Language Integration, Multilingual Matters
		6. Féiniúlacht an dalta lán-Ghaeilge	Cothaíonn múinteoirí lán-Ghaeilge féiniúlacht daltaí tumoideachais de shíor tríd an teanga agus tríd an gcultúr a chomhtháthú, tríd an mbród i scileanna teanga agus san oidhreacht a chur chun cinn, agus trí mhuintearas agus muinín a chothú.	Ní Dhonnabháin, A. (2014). An Dátheangachas agus an tAitheantas. PhD san Oideachas neamhfhoilsithe, Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Ar fáil ag: <a href="https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/An-Datheangachas-an-tAitheantas.pdf">https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/An-Datheangachas-an-tAitheantas.pdf</a>
	Pobal	7. Forbairt straitéiseach earnáil an oideachais lán-Ghaeilge	Nearthaíonn múinteoirí lán-Ghaeilge pobal an oideachais lán-Ghaeilge go héifeachtach trí fhás an líonra a chothú, rannpháirtíocht tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh, meas a léiriú ar chúntóirí ranga, agus naisc leis an bpobal a aithint.	An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2018). Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022. Ar fáil ag: <a href="https://assets.gov.ie/24606/0e2fca7d-b7ca434d92f97360c1197845.pdf">https://assets.gov.ie/24606/0e2fca7d-b7ca434d92f97360c1197845.pdf</a>
		8. An Ghaeltacht mar acmhainn le haghaidh feabhsú teanga	Baineann múinteoirí lán-Ghaeilge úsáid as an nGhaeltacht go cumasach chun feabhas a chur ar scileanna teanga daltaí agus ar a bhforbairt teanga féin araon. Déanann siad ábhair dhílse a fhí isteach sa churaclam go comhsheasmhach, éascaíonn siad eispéiris thumthacha, agus bíonn siad ag gabháil d'fheabhas teanga leanúnach.	Mac Cormaic, B. (2011). Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

## Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – réimsí, gnéithe agus táscairí

Téama	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Réimse	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Gné	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Táscaire	Léitheoireacht bhreise
Eolas múinteoirí lán-Ghaeilge	Eolas le haghaidh abhcóideacht ar son an tumoideachais	9. Prionsabail theoiriciúla, gnéithe sonracha, agus spriocanna an tumoideachais	Tá tuiscint dhomhain ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar phrionsabail theoiriciúla, ar ghnéithe sonracha agus ar spriocanna an tumoideachais, agus baineann siad úsáid as an eolas sin go cumasach cruthaitheach chun faisnéis a roinnt le daoine eile agus tacú go réamhghníomhach leis an scoil i bpobail eile.	Baker, C. agus Wright, W. E. (2017). Foundations of bilingual education and bilingualism (Eagrán 6). Briostó: Multilingualism Matters.
		10. Idirghabháil teanga	Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge a n-oilteacht go comhsheasmhach maidir le timpeallacht foghlama tumthaí a chruthú ina spreagtar foghlaim agus úsáid na teanga agus dul chun cinn sa teanga ar bhealach córasach. Meallann siad daltaí go rialta chun an úsáid teanga a chur chun cinn sa seomra ranga féin agus lasmuigh de araon, agus cuireann siad tacaíocht láidir ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí san am céanna.	Nig Uidhir, G., Ó Duibhir, P., & Ó Cathalláin, S. (2016). Tuismitheoirí ina ngníomhairí in earnáil an Ghaeloideachais. COMHARTaighde (2). <a href="https://doi.org/10.18669/ct.2016.06">https://doi.org/10.18669/ct.2016.06</a>
		11. Ailtirí cultúrtha	Cuireann múinteoirí lán-Ghaeilge béim go rialta ar chur chun cinn inniúlacht soch-chultúrtha i measc foghlaiméoirí, agus soláthraíonn siad comhthéacsanna tarraingteacha atá freagrúil ó thaobh an chultúir de chun feabhas a chur ar an tuiscint agus ar an meas atá acu ar chultúir éagsúla.	Feinauer, E. & Howard, E. R. (2014). Attending to the third goal: Cross-cultural competence and identity development in two-way immersion programs. Journal of Immersion and Content-Based Language Education, 2(2), 257-272.
	Eolas múinteoirí ar an teanga	12. Inniúlacht chumarsáideach múinteoirí	Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge ardoilteacht san inniúlacht teanga cumarsáidí, agus sárscileanna teanga (mar shampla stór focal fairsing agus téarmaíocht fhairsing a bhaineann go sonrach leis an disciplín, cruinneas gramadaí), sárscileanna sochtheangeolaíoch (mar shampla úsáid teanga atá oiriúnach ó thaobh cultúir de, straitéisí le haghaidh dioscúrsa éifeachtach), agus sárscileanna pragmatacha (mar shampla solúbthacht, comhleanúnachas, líofacht) acu.	Zwiers, J. (2014). Building Academic Language: Meeting Common Core Standards Across Disciplines, Grades 5-12. Dara heagrán. Jossey-Bass. <a href="https://jefzwiers.org/publications">https://jefzwiers.org/publications</a>
	Eolas le haghaidh an chomhtháthaithe oideolaíoch	13. Comhtháthú ábhar agus teanga	Tá tuiscint dhomhain ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar na teoricí agus ar an taighde a threoraíonn comhtháthú an ábhair agus na teanga sa tumoideachas .i. díriú go héifeachtach ar an teanga (mar shampla gramadach, comhréir, gnéithe den dioscúrsa) i gcomhthéacs laistigh de theagasc an ábhair, agus aird na ndaltaí a dhírú ar an teanga agus ar an ábhar ar a seal go minic agus gan stró san am céanna.	Morton, T. (2016). Conceptualizing and investigating teachers' knowledge for integrating content and language in content-based instruction. JICB 4(2), 144-167
		14. Measúnú comhtháite	Tá tuiscint chaolchúiseach ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm measúnuithe iomadúla, idir mheasúnuithe múnlaiteacha agus mheasúnuithe suimitheacha, chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an ábhair agus ar an bhforbairt teanga araon.	Uí Mhurchú, A. (2021). Éifeacht an chultionchair: Iniúchadh ar an tionchar a bhíonn ag critéir mheasúnaithe le béim chomhuaineach ar ábhar agus ar theanga ar ghnóthachtáil agus ar mheon aigne scoláirí i rang staire na chéad bhliana. An M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.
	Eolas le haghaidh cuimsiú	15. Dífreáil	Baineann múinteoirí lán-Ghaeilge úsáid chomhsheasmhach éifeachtach as straitéisí dífreála ar bhealach eolach bunaithe ar leibhéil oileachta teanga na ndaltaí, agus ar a n-ullmhacht, a réimsí spéise agus a riachtanais aonair. Déanann siad cuspóirí teanga, an t-ábhar, modhanna teagaisc, socrúithe grúpála, agus aschuir na ndaltaí a chur in oiriúint de réir mar is cuí.	Tomlinson, C.A. (2014). The differentiated classroom: Responding to the needs of all learners. (Dara heagrán). Alexandria, VA: An Cumann um Maoirseacht agus Forbairt Curaclaim.
		16. Riachtanais speisialta oideachais	Tá tuiscint dhomhain ag múinteoirí lán-Ghaeilge ar fhorbairt iomlánaíoch leanaí agus ar na riachtanais uathúla a bhíonn ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuimsítear leis sin eolas ar an reachtaíocht ábhartha, measúnuithe cuimsitheacha a dhéanamh, idirghabhálacha éifeachtacha a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus torthaí a thaifeadadh.	Nic Aindriú, S., Connaughton-Crean, L., Ó Duibhir, P., & Travers, J. (2022). Ag tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath: Sealbhú. <a href="https://www.cogg.ie/taighde-cogg/">https://www.cogg.ie/taighde-cogg/</a>
		17. Foghlaiméoirí éagsúla i suíomhanna tumoideachais ilchultúrtha	Léiríonn múinteoirí lán-Ghaeilge máistreacht go comhsheasmhach ar a bheith i gceannas ar sheomraí ranga ilchultúrtha agus ar thimpeallachtaí uilechuismitheacha a chur ar bun ina gcuirtear fáilte roimh an éagsúlacht ó thaobh teanga, litearthachta, cultúir agus foghlama de laistigh den oideachas lán-Ghaeilge.	Ní Dhiorbháin, A., Connaughton-Crean, L. & Ó Duibhir, P. (2023). Soláthar san oideachas lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do pháistí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu. Baile Átha Cliath: Sealbhú, Láirionad Taighde Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath um Foghlaim agus Teagasc na Gaeilge, agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Le fáil ar: <a href="http://www.cogg.ie">www.cogg.ie</a>

## Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – réimsí, gnéithe agus táscairí

Téama	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Réimse	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Gné	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Táscaire	Léitheoireacht bhreise
Scileanna agus cleachtais oideolaíoch	Scileanna teanga	18. Aclaíocht teanga (scafláil bhriathartha agus neamhbhriathartha)	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge a gcuid cainte a oiriúin go hoilte agus go comhsheasmhach, rud a chinntíonn ionchur sothuigthe, (mar shampla luas, tuin chainte, athrá, parafrása, focail ghaolmhara) de réir mar is iomchuí bunaithe ar aois agus ar chumais na ndaltaí, agus baineann siad úsáid as comharthaíocht choirp agus as gothai gnúise ar bhealach fiúntach chun tacú leis an tuiscint.	Lyster, R. (2007). Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach. Amstardam: John Benjamins.
		19. Scileanna aistriúcháin	Aistríonn múinteoirí lán-Ghaeilge ábhair oideachais go cruinn ó Bhéarla go Gaeilge, agus cinntíonn siad go gcuirtear na hábhair sin in oiriúint don lucht léitheoireachta beartaithe, mar shampla daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, ar leibhéal tuisceana iomchuí.	Mac Lochlainn, A. (2015). In ord is in Eagar. Baile Átha Cliath: Cois Life.
		20. Naisc thrasteanga	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge naisc thrasteanga a chur i dtábhacht ar bhealach comhsheasmhach éifeachtúil, agus cuireann siad béim ar an bhfeasacht mheititheangeolaíoch chun feabhas a chur ar scileanna ó thaobh stór focal agus déitearthachta de sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.	Ballinger, S., Lyster, R., Sterzuk, A., & Genesee, F. (2017). Context-appropriate crosslinguistic pedagogy: Considering the role of language status in immersion. Journal of Immersion and Content-Based Language Education, 5, 30–57.
		21. Timpeallacht atá saibhir ó thaobh teanga de	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge timpeallacht foghlama atá saibhir ó thaobh teanga de a chruthú agus a chothú go héifeachtach, agus baineann siad úsáid as straitéisí amhail samhaltú agus léirithe teagascacha teanga. Baineann siad leas as an timpeallacht sin chun foghlaim an ábhair agus forbairt na teanga a shaibhriú i measc na ndaltaí.	Gibbons, P. (2014). Scaffolding language, Scaffolding learning: Teaching English language learners in mainstream classrooms. Heinemann.
	Scileanna cumasúcháin	22. Úsáid teanga a spreagadh agus aschur feabhsaithe a chumasú	Úsáideann múinteoirí lán-Ghaeilge réimse straitéisí teagaisc ar bhealach comhsheasmhach, straitéiseach agus inniúil chun dioscúrsa breisithe daltaí a chur chun cinn agus chun tacú le húsáid na teanga agus leis an bhforbairt teanga i measc daltaí (mar shampla teicnící ceistiúcháin, aga feithimh, straitéisí grúpála, gníomhaíochtaí agus gnáthaimh sa seomra ranga, ábhair chlóite agus ilmheán)	Creese, A. (2006). Supporting talk? Partnership teachers in classroom interaction. International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 9, 434-453.
		23. Scafláil ghnásúil	Baineann múinteoirí lán-Ghaeilge úsáid chórasach éifeachtach as gníomhaíochtaí teagaisc, gnáthaimh, agus grúpálacha idirghníomhacha chun tuiscint, giniúint agus idirghníomhaíocht idir píaraí a chur chun cinn i measc na leanaí.	Tedick, D.J. & Lyster, R. (2020). Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms. Nua-Eabhrac: Routledge.
		24. Aiseolas ceartaitheach	Tugann múinteoirí lán-Ghaeilge aiseolas ceartaitheach go straitéiseach agus go hinniúil ar úsáid teanga na ndaltaí i bhfoirm athmhúnluithe ceartaitheacha (tugann an múinteoir an leagan ceart) agus i bhfoirm nod (ní thugann an múinteoir an leagan ceart, ach tugann leideanna chun aird na ndaltaí a tharraingt ar earráidí, mar shampla leideanna meititheangeolaíoch, soiléiríú a lorg) ar bhealach tuisceanach éifeachtach. Freastalaíonn siad ar an ngá le haiseolas ceartaitheach ar fud gach gné den sprioctheanga, lena n-áirítear gnéithe léacsacha, fóineolaíochta agus comhréireacha.	Ní Mhurchú, C., Ní Aogáin, S. agus Ó Ceallaigh, T.J. (2023). Aiseolas ceartaitheach mar réiteach ar easnaimh theangeolaíochta sa tumoideachas lán-Ghaeilge. TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics
		25. Scafláil theagascach	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge acmhainní teagaisc éagsúla, amhail eagraithe grafacha, ballaí focal, agus lámhseoga, a chomhtháthú go comhsheasmhach inniúil chun feabhas a chur ar an tuiscint. Anuas air sin, is minic a chuireann siad cineálacha scafláta ar fáil, mar shampla frámaí scríbhneoireachta agus eagraithe grafacha, chun forbairt leanúnach scileanna teanga acadúla ó bhéal agus i scríbhinn a spreagadh.	Tedick, D.J. & Lyster, R. (2020). Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms. Nua-Eabhrac: Routledge.

## Croí-inniúlachtaí san oideachas lán-Ghaeilge – réimsí, gnéithe agus táscairí


Téama	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Réimse	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Gné	Inniúlacht ghairmiúil a bhaineann go sonrach leis an oideachas lán-Ghaeilge – Táscaire	Léitheoireacht bhreise
		26. Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim	Cuireann múinteoirí lán-Ghaeilge prionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim i bhfeidhm go héifeachtach chun timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha agus inrochtana a chruthú. Déanann siad ábhair agus acmhainní teagaisc, gníomhaíochtaí, agus measúnuithe a dhearadh agus a ionramháil ar bhealach straitéiseach réamhghníomhach chun freastal ar riachtanais, sainroghanna, agus cumais éagsúla na bhfoghlaiméoirí. Thairis sin, is minic a chuireann siad modhanna iomadúla ar fáil le go mbeidh na daltaí in ann iad féin a léiriú, a chur in iúl agus a bheith rannpháirteach, chun barr feabhais a chur ar na torthaí foghlama le haghaidh gach dalta.	Nic Aindriú, S., Connaughton-Crean, L., Travers, J. & an tOllamh Ó Duibhir, P. (2022). Ag Tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu i scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge. Baile Átha Cliath: Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Sealbhú, lgh 49-55 Le fáil ar: <a href="https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Ag-tac%C3%BA-le-dalta%C3%AD-a-bhfuil-RSO-acu-sa-ch%C3%B3ras-l%C3%A1n-Ghaeilge-.pdf">https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Ag-tac%C3%BA-le-dalta%C3%AD-a-bhfuil-RSO-acu-sa-ch%C3%B3ras-l%C3%A1n-Ghaeilge-.pdf</a> Léite 30/03/24
Scileanna cumarsáide	27. Cumarsáid le tuismitheoirí agus le gairmithe eile	Tugann múinteoirí lán-Ghaeilge faisnéis rithábhachtach maidir leis an tuismitheoir agus do chaomhnóirí agus do ghairmithe eile ar bhealach oilte, rud a chuireann ar a gcumas dóibh sin páirt iomlán a ghlacadh i ndul chun cinn a leanaí ó thaobh an oideachais de.	Nic Íomhair, A. (2020). Ról na dtuismitheoirí san oideachas lán-Ghaeilge. In G. Nig Uidhir, S. Mac Corraigh, & C. Ó Pronntaigh (eag.), Taighde agus Teagasc 7 (lgh 98-114). Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. <a href="https://www.stmarys-belfast.ac.uk/downloads/research/TandTVolume7.pdf">https://www.stmarys-belfast.ac.uk/downloads/research/TandTVolume7.pdf</a> .	
	28. Comhoibriú le cúntóirí ranga	Téann múinteoirí lán-Ghaeilge i gcomhar go héifeachtach le cúntóirí ranga chun straitéisí agus measúnuithe atá idir nuálach agus chomhoibriúch a cheapadh d'fhonn tacú leis an bhforás teanga agus foghlaim an ábhair i measc na ndaltaí.	Rogan, Thomas (2021). The role of classroom assistants: a case study in the context of an immersion school. Tráchtas Ed.D. Le fáil ar: <a href="https://theses.gla.ac.uk/82222/7/2020RoganEdD.pdf">https://theses.gla.ac.uk/82222/7/2020RoganEdD.pdf</a> Léite 30/03/24.	
Scileanna pleanála	29. Comhtháthú na teanga a phleanáil ar fud an churaclaim	Déanann múinteoirí lán-Ghaeilge an teagasc atá dírithe ar an teanga agus an teagasc atá dírithe ar an ábhar a chomhtháthú go rialta agus go hinniúil sa phleanáil curaclaim, ina gcuimsítear gníomhaíochtaí atá dírithe ar an teanga i ndisciplíní éagsúla agus ar fud disciplíní éagsúla (.i. teagasc foirm-dhírithé).	Cammarata, L. agus Ó Ceallaigh, T.J. (Eag.). (2020). Teacher Development for Immersion and Content-based Instruction. Amstardam: John Benjamins.	
	30. Forbairt na délitearthachta	Bíonn múinteoirí lán-Ghaeilge, go comhsheasmhach agus go héifeachtach, ag pleanáil le haghaidh fhorbairt na délitearthachta, tugann siad tús áite di agus cuireann siad am i leataobh lena haghaidh.	De Brún, J. (2023) The teaching and learning of reading in Irish of 9-11-year-olds in immersion settings in Ireland: A mixed methods case study. DCU: PhD thesis. Ar fáil ag: <a href="https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Thesis-J.-de-Br%C3%BA-n-HARD-COPY-14.07.22-16213971-2022-with-refs-appendices.pdf">https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Thesis-J.-de-Br%C3%BA-n-HARD-COPY-14.07.22-16213971-2022-with-refs-appendices.pdf</a>	

## Aguisín 2 Framework for Professional Development

**Core Irish-medium education (IME) competences – domains, elements and indicators.**

The immersion-specific competencies consist of three overarching themes: vision and values, IME teacher knowledge, and pedagogical skills and practices. These themes offer comprehensive depictions of exemplary teaching practices and what it means to be an immersion teacher in Ireland. Within each theme lie various domains, each composed of several elements. Indicators add further insight and context to these elements, enriching their understanding. Suggested readings are also provided.

Figure 1: Immersion-specific competencies of the Irish-medium teacher



The purposes of this extensive rubric for the Irish-medium immersion teaching profession are to:

